



2026/1845

23.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1845 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ⁽¹⁾.
- (2) I Rún ES-11/7 uaidh, a glacadh an 24 Feabhra 2025, mheabhraigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe gur gá na rúin ábhartha uaidh a glacadh mar fhreagairt ar an bhfogha faoin Úcráin a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe a éileamh go ndéanfadh Cónaidhm na Rúise a fórsaí míleata uile a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus a éileamh go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise deireadh láithreach leis an gcogaíocht i gcoinne na hÚcráine, go háirithe aon ionsaí ar shibhialtaigh agus ar réada sibhialtacha.
- (3) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm, agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin.
- (4) I bhfianaise an fhogha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, agus go háirithe an feachtas míleata brúidiúil le déanaí lena ndírítear d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear saoráidí fuinnimh, uisce agus sláinte, arb é is cúis le fulaingt thromchúiseach an phobail shibhialta agus a fhéachann leis an mbonn a bhaint d'athléimneacht na hÚcráine, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.
- (5) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 48 dhuine agus 168 eintiteas a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.
- (6) Is iomchuí maolú a thabhairt isteach ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do roinnt eintitis ainmnithe shonracha. Tá an maolú ceaptha chun íocaíocht atá dlíte ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn nó ó sholáthraí árachais a cheadú mar thoradh ar riosca a bhfuil siad faoi dhliteanas ina leith.

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj)).

- (7) Is iomchuí freisin maoluithe breise a thabhairt isteach ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do roinnt daoine ainmnithe sonracha. Tá na maoluithe sin teoranta go cúng chun cead a thabhairt d'oibreoir de chuid an Aontais oibleagáid chonarthaigh shonrach a bhí ann cheana a fheidhmiú, a eascraíonn as comhaontú a tugadh i gcrích in 2015 sular forchuireadh aon bheart sriantach is infheidhme. Ní bhaintear an bonn leis na maoluithe sin de chuspóirí ginearálta Chinneadh 2014/145/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ^(?), agus an t aon bhonn cirt atá leo ná an gá atá le haghaidh a thabhairt ar iarmhairt dhíobhálach neamhbheartaithe d'oibreoir de chuid an Aontais.
- (8) Is iomchuí díolúine a thabhairt isteach ón reo sócmhainní agus ón toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine ainmnithe chun oibriú leanúnach an iompair d'iarnród is gá, idir an Rúis agus an tAontas, tríd an Aontas, agus laistigh den Rúis a chumasú. Tá tabhairt isteach na díolúine sin gan dochar don mheasúnú cás ar chás ar rialú daoine ainmnithe ar eintitis neamhainmnithe.
- (9) Is iomchuí freisin díolúine a thabhairt isteach ón reo sócmhainní agus ón toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil d'eintitis ainmnithe áirithe chun oibriú leanúnach thionscadal Paks II a chumasú agus chun nach mbainfeadh an bonn den tsábháilteacht núicléach agus den tslándáil núicléach.
- (10) Le reachtaíocht agus cleachtas cúirte na Rúise, cuirtear ar a gcumas do dhaoine éileamh a thaisceadh os comhair cúirteanna áirithe de chuid na Rúise, a dhearbhaíonn dlínse ansin ar dhíospóidí agus a thugann breithiúnais lena gcáinteard cuideachtaí de chuid an Aontais i ndáil le conarthaí nó idirbhearta a ndéanann bearta sriantacha an Aontais difear dóibh. Dá réir sin, maidir le daoine, eintitis nó comhlachtaí Rúiseacha nó daoine, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú trí bhithin nó thar ceann ceann amháin de na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí Rúiseacha sin, nó atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú, léirítear le fianaise go bhféachann siad nó go bhféadfadh sé go bhféachfaidís le himeachtaí dlíthiúla a thionscnadh agus a shaothrú i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Chinneadh 2014/145/CBES nó faoi Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ^(?) nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ^(*) nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, nó go bhféachann siad, nó go bhféadfadh sé go bhféachfaidís, le haitheantas nó forfheidhmiú breithiúnas a fháil, ar breithiúnais iad arna ndéanú trí na himeachtaí dlíthiúla sin. Chun éifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais a chaomhnú, is gá don Aontas gníomhaíocht a dhéanamh chun éifeacht an chleachtais sin a mhaolú, trína cheangal ar na Ballstáit gan aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ná cinneadh cúirte ná cinneadh riaracháin eile arna thabhairt ag cúirt nó údarás Rúiseach a aithint nó a fhorfheidhmiú i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndéanadh difear dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoi Chinneadh 2014/145/CBES nó Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (11) I gcás ina bhfuil baol ann go nginfidh cur i bhfeidhm na mbearta a fhorchuirtear faoi Chinneadh 2014/145/CBES sochair eacnamaíocha mhíchú do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí liostaithe, d'fhéadfadh sé an bonn a bhaint d'éifeachtacht agus de chuspóirí bhearta sriantacha an Aontais agus bac a chur ar athinfheistiú acmhainní ag oibreoirí an Aontais san Úcráin. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar na cásanna sin agus a mheasúnú a chur faoi bhráid na Comhairle gan moill mhíchú agus ba cheart don Ardionadaí moltaí a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, chun teacht timpeall a chos agus chun nach dtabharfar tairbhí neamhbheartaithe do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí liostaithe. Ba cheart don Chomhairle na tograí sin a scrúdú go pras d'fhonn na bearta is gá sa chreat smachtbhannaí a ghlacadh a luaithe is féidir, ionas go ndéantar sochair eacnamaíocha mhíchú a fhabhraíonn chuig daoine, eintitis nó comhlachtaí liostaithe a sheachaint.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'28a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go scaoilfí cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí iad a liostaítear san Iarscríbhinn de bhun mhír 1, pointe (k), den Airteagal seo, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí sin faoi na coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(?) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríoach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj>).

(?) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj>).

(*) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj>).

- (a) go bhfuil gá leis na cistí nó achmhainní eacnamaíocha a scaoileadh nó a chur ar fáil chun go bhféadfar íocaíocht atá dlite ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha sin, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn de bhun mhír 1, pointe (k), den Airteagal seo nó ó sholáthraí árachais mar thoradh ar riosca a bhfuil na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin a liostaítear san Iarscríbhinn de bhun mhír 1, pointe (k), den Airteagal seo faoi dhliteanas ina leith a dhéanamh le heintiteas atá bunaithe san Aontas, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, san Eilvéis nó i dtír chomhpháirtíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, nó le náisiúnach nó cónaitheoir de Bhallstát, de thír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, den Eilvéis nó de thír chomhpháirtíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, agus nach liostaítear san Iarscríbhinn; agus
- (b) gurb éard atá in íocaíocht den sórt sin an tslánaíocht nó an sochar a sholáthraítear ar theacht ann do riosca a bhfuil na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin a liostaítear san Iarscríbhinn de bhun mhír 1, pointe (k), den Airteagal seo faoi dhliteanas ina leith.;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘37. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi choinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, an méid seo a leanas a údarú:

- (a) diúscairt nó aistriú scaireanna, rannpháirtíochtaí nó ionstraimí cothromais eile arna ndéanamh ag institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas chuig eintiteas atá bunaithe san Aontas atá, roimh an aistriú sin, faoi úinéireacht mhionlaigh go díreach nó go hindíreach, ina n-aonar nó go comhpháirteach, ag duine amháin nó ag an mbeirt daoine aonair a liostaítear faoi iontrálacha uimhir 674 agus 675 faoin gceannteideal “Daoine” san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i gcás ina mbeadh méadú ar scairshealbha duine amháin nó na beirte daoine aonair sin san eintiteas sin mar thoradh ar an aistriú tar éis dóibh a chinneadh go ndéantar an diúscairt nó an t-aistriú sin ar bhonn céadrogha ar dhíol arna comhaontú go conarthach agus arna feidhmiú go cuí roimh an 28 Feabhra 2022, ach nach bhfuil curtha i gcrích fós ó dháta theacht i bhfeidhm an mhaolaithe seo, ar choinníoll go reofar aon scaireanna nó rannpháirtíochtaí de chuid na ndaoine aonair sin, lena n-áirítear iad siúd arb é is cúis leo méadú ar a scairshealbha tar éis an aistrithe;
- (b) cistí reoite áirithe nó achmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó achmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil ar leis an duine aonair amháin nó leis an mbeirt daoine aonair a liostaítear faoi iontrálacha 674 agus 675 faoin gceannteideal “Daoine” san Iarscríbhinn iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, go díreach nó go hindíreach, nó atá faoi úinéireacht, faoi rialú nó faoi rialú díreach nó indíreach na ndaoine aonair sin, nó cistí nó achmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine aonair sin in eintitis nó in institiúidí creidmheasa a liostaítear faoi iontrálacha 198 nó 270 faoin gceannteideal “Eintitis” san Iarscríbhinn tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:
- (i) go ndéantar an scaoileadh nó an cur ar fáil cistí nó achmhainní eacnamaíocha sin sin chun a chur ar chumas an chontrapháirtí a oibleagáid íocaíochta a urscaoileadh, ar oibleagáid í atá dlite d’institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas de bhun céadrogha ar dhíol arna comhaontú go conarthach agus arna feidhmiú go cuí roimh an 28 Feabhra 2022, agus chun na críche sin amháin, ach nach ndearnadh é fós ó dháta theacht i bhfeidhm an mhaolaithe seo;
- (ii) go ndéantar na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha a scaoiltear nó a chuirtear ar fáil amhlaidh a aistriú go díreach chuig an institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas chun an oibleagáid chonarthach sin a chomhlíonadh; agus
- (iii) nach duine, eintiteas ná comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn í an institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas lena n-íoctar an chomaoin.

38a. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le cistí ná acmhainní eacnamaíocha JSC Russian Railways is gá chun earraí nó daoine a iompar d'iarnród, nó chun bonneagar iarnróid gaolmhar a sholáthar, ag JSC Russian Railways idir an Rúis agus an tAontas, tríd an Aontas, idir Réigiún Kaliningrad agus an Rúis nó laistigh den Rúis, agus maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha JSC Russian Railways is gá chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le hoibriú, cothabháil nó slándáil an iompair iarnróid sin.

38b. Ní bheidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo maidir le cistí ná acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do JSC Russian Railways a bhfuil gá leo chun earraí nó daoine a iompar d'iarnród, nó chun bonneagar iarnróid gaolmhar a sholáthar, ag JSC Russian Railways idir an Rúis agus an tAontas, atá ar idirthuras tríd an Aontas, idir Réigiún Kaliningrad agus an Rúis, nó laistigh den Rúis, agus maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do JSC Russian Railways atá riachtanach chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le hoibriú, cothabháil nó slándáil an iompair iarnróid sin.

39. Maidir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm acu maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha ar leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 975, 976 agus 977 iad, atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na n-eintiteas sin, faoin gceannteideal "Eintitis" san Iarscríbhinn nó maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do na heintitis sin nó chun tairbhe na n-eintiteas sin, ar choinníoll go bhfuil géarghá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha sin maidir le tionscadal Paks II le haghaidh gníomhaíochtaí is gá chun cumais núicléacha shibhialta a bhunú, a oibriú, a chothabháil, a sholáthar agus a athchóireáil agus chun a sábháilteacht agus chun leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí núicléacha sibhialta i dtionscadal Paks II a chur i gcrích.

Eintitis a chuireann cistí nó acmhainní eacnamaíocha ar fáil do na heintitis dá dtagraítear sa mhír seo, tabharfaidh siad fógra d'údarás inniúil na hUngáire faoi aon ghníomhaíocht ar dá bun a úsáidtear nó a chuirtear ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha laistigh de 2 sheachtain ó thús na gníomhaíochta sin. Cuirfidh an Ungáir na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhaisnéis a fhaightear faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis sin a fháil.;

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 4c

Aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas, nó cinneadh cúirte nó riaracháin eile de bhun Airteagal 248.1 nó Airteagal 248.2 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise nó reachtaíocht choibhéiseach na Rúise, nó a dhíorthaítear uathu, nó a thugann cúirt Rúiseach nó údarás Rúiseach de bhun aon dlí eile de chuid na Rúise, ina bhfuil duine dá dtagraítear in Airteagal 17, pointí (c) nó (d) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, á chur faoi dhliteanas, cibé acu i gconradh nó i dtort, nó ar aon bhunús dlí eile, nó lena dtugtar éifeacht, go díreach nó go hindíreach, d'aon éileamh, ceart nó oibleagáid líomhainte i gcoinne an duine sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs dócmhainneachta, féimheachta, athstruchtúraithe nó imeachtaí comhchosúla leo, i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndearnadh difear dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, ní aithneofar iad, ní thabharfar éifeacht dóibh ná ní fhorfheidhmeofar iad i mBallstát.;

(3) leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus eintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘2057.	Andrey Nikolaevich DORONIN Rúisis: Андрей Николаевич ДОРОНИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC NTT VOSTOK Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 165201193063	Is é Andrey Doronin Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir Limited liability company Scientific and technical centre Vostok (LLC NTT VOSTOK). Tá LLC NTT VOSTOK mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC NTT VOSTOK speisialtóireacht i monarú arm agus armlóin. Soláthraíonn sé leictreonaic leathchríochnaithe agus comhpháirteanna eile do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé comhpháirteanna a úsáidtear i dtáirgeadh soic phléascáin na n-aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Andrey Doronin ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2058.	Rimma Vladimirovna FALALEYEVA Rúisis: РИММА Владимировна ФАЛАЛЕЕВА	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus úinéir LLC TEXTILTECHSNAB Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais chánach: 462002313932	Is é Rimma Falaleyeva Ard-Stiúrthóir agus úinéir LLC TEXTILTECHSNAB. Tá LLC TEXTILTECHSNAB mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC TEXTILTECHSNAB speisialtóireacht i mórdhíol táirgí teicstíle. Soláthraíonn sé ábhair cheimiceacha do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé comhpháirteanna ceimiceacha amha a úsáidtear i dtáirgeadh an treiseora roicéadaigh soladach a úsáidtear chun aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1 a sheoladh. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Rimma Falaleyeva ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2059.	Evgeniy Vasilievich SAVLEV Rúisis: Евгений Васильевич САВЛЕВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir CJSC TECHNOSVYAZ Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 665893469807	Is é Evgeniy Savlev Ard-Stiúrthóir CJSC TECHNOSVYAZ. Tá CJSC TECHNOSVYAZ mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann CJSC TECHNOSVYAZ speisialtóireacht i monarú trealaimh leictirigh agus optúil. Soláthraíonn sé leictreonaic do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé leictreonaic leathchríchnaithe agus comhpháirteanna do JSC IEMZ KUPOL a úsáidtear chun aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1 a tháirgeadh. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Evgeniy Savlev ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2060.	Oleg Nikolaevich GUSAROVSKY Rúisis: Олег Николаевич ГУСАРОВСКИЙ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC Testkomplekt Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 526303596830	Is é Ruslan Bulatov Ard-Stiúrthóir LLC ARMORGRUPP. Tá LLC ARMORGRUPP mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC ARMORGRUPP speisialtóireacht i monarú, díol agus deisiú feithiclí agus leathleantóirí. Is soláthróir é don eintiteas JSC IEMZ Kupol. Soláthraíonn sé ábhair agus seirbhísí a úsáidtear i dtáirgeadh na feithicle tacaíochta agus cothabhála le haghaidh aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Oleg Gusarovsky ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2061.	Insaf Dulfnurovich FAKHRUTDINOV Rúisis: Инсаф Дульфнурович ФАХРУТДИНОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus úinéir LLC LK AUTOLIFE Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 183209712425	Is é Insaf Fakhrutdinov Ard-Stiúrthóir agus úinéir LLC LK AUTOLIFE. Tá LLC LK AUTOLIFE mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Tá LLC LK AUTOLIFE ar cheann de na príomhchuideachtaí lóistíochta sa Rúis a bhfuil oifigí aige i roinnt cathracha. Déanann sé gníomhaíochta iompair agus cumarsáide, chomh maith le gníomhaíochtaí iompair tánaisteacha agus tacaíochta. Soláthraíonn sé seirbhísí lóistíochta do JSC IEMZ Kupol. Cuirtear de chúram air aerfheithiclí gan foireann Garpiya-A1 agus a bpríomh-chomhpháirteanna a iompar agus a sheachadadh chuig aerpháirceanna míleata gar don líne thosaigh idir an Rúis agus an Úcráin. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Insaf Fakhrutdinov ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2062.	Rishat Ilfatovich BASHIROV Rúisis: Ришат Ильфатович БАШИРОВ	Feidhm: Stiúrtóir agus úinéir LLC AUTOLIFE LOGISTIK Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 183209712425	Is é Rishat Bashirov stiúrtóir agus úinéir LLC AUTOLIFE LOGISTIK. Tá LLC AUTOLIFE LOGISTIK mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Tá LLC AUTOLIFE LOGISTIK ar cheann de na príomhchuideachtaí lóistíochta sa Rúis a bhfuil oifigí aige i roinnt cathracha. Déanann sé gníomhaíochta iompair agus cumarsáide, chomh maith le gníomhaíochtaí iompair tánaisteacha agus tacaíochta. Soláthraíonn sé seirbhísí lóistíochta do JSC IEMZ Kupol. Cuirtear de chúram air aerfheithiclí gan foireann Garpiya-A1 agus a bpríomh-chomhpháirteanna a iompar agus a sheachadadh chuig aerpháirceanna míleata gar don líne thosaigh idir an Rúis agus an Úcráin. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Rishat Bashirov ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2063.	Andrey Sergeevich SHUBIN Rúisis: Андрей Сергеевич ШУБИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC DELMOT Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 245206682357	Is é Andrey Shubin Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC DELMOT. Tá LLC DELMOT mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC DELMOT speisialtóireacht i dtáirgeadh, taighde agus forbairt i réimse na n-inneall aerárthaí. Glacann sé páirt i bhforbairt inneall aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1. I bpróiseas táirgthe na haerfheithicle gan foireann sin, soláthraíonn sé a sheirbhísí don phríomh-mhonaróir JSC IEMZ Kupol. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Andrey Shubin ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2064.	Ivan Alekseevich GAICHENYA Rúisis: Иван Алексеевич ГАЙЧЕНЯ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar Federal State Unitary Enterprise 'Main Center for Special Communications' (FGUP GCSS) Dáta breithe: 9.10.1967 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772914217910	Is Ard-Stiúrthóir é Ivan Gaichenya ar Federal State Unitary Enterprise 'Main Center for Special Communications'. Tá Federal State Unitary Enterprise 'Main Center for Special Communications' mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Is cuideachta lóistíochta é Federal State Unitary Enterprise 'Main Center for Special Communications' a dhéanann speisialtóireacht in iompar lasta ardluacha agus íogair. Soláthraíonn sé seirbhísí lóistíochta do JSC IEMZ Kupol. Cuirtear de chúram air aerfheithiclí gan foireann Garpiya-A1 agus a bpríomh-chomhpháirteanna a iompar agus a sheachadadh chuig aerpháirceanna míleata gar don líne thosaigh idir an Rúis agus an Úcráin. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Ivan Gaichenya ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2065.	Mikhail Andreevich AMBAROV Rúisis: Михаил Андреевич АМБАРОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC GRUPPA PROMAVTO Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 526097794778	Is é Mikhail Ambarov Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC GRUPPA PROMAVTO. Tá LLC GRUPPA PROMAVTO mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann Limited liability company GRUPPA PROMAVTO (LLC GRUPPA PROMAVTO) speisialtóireacht i monarú feithiclí agus leathleantóirí. Tá sé ar cheann d'fhochonraitheoirí JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé sainfheithiclí tionlacain d'aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Mikhail Ambarov ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2066.	Sergey Dmitrievich LISKOVICH Rúisis: Сергей Дмитриевич ЛИСКОВИЧ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus úinéir LLC LAGGAR PRO Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 525902757940	Is é Sergey Liskovich Ard-Stiúrthóir agus úinéir tromlaigh LLC LAGGAR PRO. Tá LLC LAGGAR PRO mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann Limited Liability Company LAGGAR PRO (LLC LAGGAR PRO) speisialtóireacht i monarú feithiclí agus leathleantóirí. Is soláthróir é do JSC IEMZ Kupol. Soláthraíonn sé ábhair agus seirbhísí a úsáidtear i dtáirgeadh na feithicle lainseála le haghaidh aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Sergey Liskovich ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2067.	Sergey Viktorovich KONDRASHIN Rúisis: Сергей Викторович КОНДРАШИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus úinéir LLC MSKA ENGINEERING Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772471315256	Is é Sergey Kondrashin Ard-Stiúrthóir agus úinéir LLC MSKA ENGINEERING. Tá LLC MSKA ENGINEERING mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC MSKA ENGINEERING speisialtóireacht i suiteáil leictreach. Soláthraíonn sé ábhair cheimiceacha do JSC IEMZ Kupol freisin. Go sonrach, soláthraíonn sé comhpháirteanna ceimiceacha amha a úsáidtear i dtáirgeadh an treiseora roicéadaigh soladach a úsáidtear chun aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1 a sheoladh. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Sergey Kondrashin ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2068.	Sergey Anatolievich SYCHKOV Rúisis: Сергей Анатольевич СЫЧКОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóircuideachta comhstoic oscailte 'Oborontest' Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772486575828	Is é Sergey Sychkov Ard-Stiúrthóir open joint stock company 'Oborontest'. Tá open joint stock company 'Oborontest' mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Is cuideachta Rúiseach é open joint stock company 'Oborontest' atá gníomhach i réimse na tástála teicniúla, go háirithe i dtástáil a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht táirgí teicneolaíochta in aghaidh trasnaíocht leictreonach, bíog réimse mhaighnéadaigh agus an tionchar a bhíonn ag tosca eile leictreamaighnéadacha. Gníomhaíonn sé mar sholáthróir d'Aireacht Cosanta na Rúise agus soláthraíonn sé a sheirbhísí do roinnt monaróirí aerárthaí míleata Rúiseacha, go háirithe PJSC Aviation Complex Ilyushin, JSC TUPOLEV agus JSC SUKHOI. Cuidíonn sé freisin le linn thrialacha allamuigh aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya trí na huirlisí a chur ar fáil lenár féidir tástálacha eitle a thomhas. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Sergey Sychkov ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2069.	Aleksander Vladimirovich GARMASHOV Rúisis: Александр Владимирович ГАРМАШОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC ORBITA Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 132600464578	Is é Aleksander Garmashov Ard-Stiúrthóir JSC ORBITA. Tá JSC ORBITA mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann JSC ORBITA speisialtóireacht i monarú trealaimh leictirigh agus optúil. Soláthraíonn sé comhpháirteanna leictreonacha do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé comhpháirteanna a úsáidtear i dtáirgeadh soic phléascáin na n-aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Aleksander Garmashov ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2070.	Elena Evgenievna SERGEEVA Rúisis: Елена Евгеньевна СЕРГЕЕВА	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC POLKOVODETS Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais chánach: 502209295762	Is í Elena Sergeeva Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC POLKOVODETS. Tá LLC POLKOVODETS mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC POLKOVODETS speisialtóireacht i monarú táirgí plaisteacha le haghaidh earraí pacáistíochta. Is soláthraí é do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé ábhair agus comhpháirteanna a úsáidtear chun soic phléascáin na n-aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya a iompar. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Elena Sergeeva ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2071.	Aleksander Nikolaevich SHVETSOV Rúisis: Александр Николаевич ШВЕЦОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus úinéir tromlaigh LLC SYSTEM INDUSTRIAL GROUP Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 471508359527 Is é Aleksander Shvetsov Ard-Stiúrthóir agus úinéir tromlaigh LLC SYSTEM INDUSTRIAL GROUP	. Tá LLC SYSTEM INDUSTRIAL GROUP mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC SYSTEM INDUSTRIAL GROUP speisialtóireacht i dtrádáil mórdhíola agus i dtrádáil coimisiúin. Is soláthraí é do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé ábhair agus comhpháirteanna a úsáidtear chun soic phléascáin na n-aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya a iompar. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Aleksander Shvetsov ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2072.	Evgenyi Dmitrievich MALAKHOV Rúisis: Евгений Дмитриевич МАЛАХОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC NPK SEVERNAYA ZARYA Dáta breithe: 7.4.1967 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 782609628028	Is é Evgenyi Malakhov Ard-Stiúrthóir JSC NPK SEVERNAYA ZARYA. Tá JSC NPK SEVERNAYA ZARYA mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann JSC NPK SEVERNAYA ZARYA speisialtóireacht i monarú trealaimh leictirigh agus optúil. Soláthraíonn sé comhpháirteanna leictreonacha do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé comhpháirteanna a úsáidtear i dtáirgeadh soic phléascáin na n-aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Evgenyi Malakhov ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2073.	Konstantin Valentinovich MIGALIN Rúisis: Константин Валентинович МИГАЛИН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC NPF ROTOR Dáta breithe: 7.10.1956 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 632126749291	Is é Konstantin Migalin Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC NPF ROTOR. Tá LLC NPF ROTOR mar chuid de thionscal arm na Rúise, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann LLC NPF ROTOR speisialtóireacht i monarú agus soláthar catapalt neomatach, taighde agus forbairt eolaíoch i réimse na n-eolaíochtaí nádúrtha agus teicniúla. Táirgeann sé agus soláthraíonn sé catapailt neomatacha dhéantar a shuiteáil ar na feithiclí lainseála le haghaidh na n-aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Konstantin Migalin ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2074.	Evgenyi Yakovlevich SLODKEVICH Rúisis: Евгений Яковлевич СЛОДКЕВИЧ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir Limited Liability Company RADIAL FIRM Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772003632171	Is é Evgenyi Slodkevich Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir Limited Liability Company RADIAL FIRM, ar cuid de thionscal arm na Rúise é, earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Chónaidhm na Rúise. Déanann Limited Liability Company RADIAL FIRM speisialtóireacht i ndearadh agus i monarú trealaimh scagaire aeróige le haghaidh na rudaí seo a leanas: raidió amaitéarach agus proifisiúnta, raidió banda ardmhinicíochta, raidió banda minicíochta rí-ard, raidió banda minicíochta ultra-ard, craoltóireacht raidió agus teilifíse, tógáil crann cumarsáide aeróige agus monarú trealaimh cumarsáide. Soláthraíonn sé seirbhísí bogearraí do JSC IEMZ Kupol. Go sonrach, soláthraíonn sé bogearraí ar bord le haghaidh rialú eitilte na n-aerfheithiclí ionsaithe aontreo gan foireann Garpiya-A1. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as na haerfheithiclí gan foireann sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Evgenyi Slodkevich ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2075.	Ruslan Georgievich AREFIEV ar a dtugtar freisin Ruslan Georgievich AREFYEV Rúisis: Руслан Георгиевич АРЕФЬЕВ	Feidhm: Uachtarán Cathaoirligh ar Bhord Bainistíochta CMRBank; Comhalta de Bhord Stiúrthóirí CMRBank Abkhazia Dáta breithe: 20.3.1974 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 502770344505 Uimhir an phas: 4518402005	Is feidhmeannach baincéireachta Rúiseach é Ruslan Arefiev atá ag feidhmiú mar Uachtarán Cathaoirligh ar Bhord Bainistíochta CMRBank, institiúid airgeadais atá gníomhach i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil agus atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais, agus mar chomhalta de Bhord Stiúrthóirí CMRBank Abkhazia. Bhí poist shinsearacha aige roimhe sin in Russian National Commercial Bank (Banc Tráchtála Náisiúnta na Rúise) (RNCB). Tá ról lárnach ag Ruslan Arefiev maidir le críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach a chomhtháthú i gcóras airgeadais na Rúise. Ó 2014 ar aghaidh, trína róil cheannaireachta in RNCB agus in CMRBank ina dhiaidh sin, cuirtear ina leith go bhfuil brainsí bainc á n-eagrú agus á leathnú aige sa Chrimé, in Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhya atá faoi fhorghabháil. Ina cháil mar cheann ar na bainc atá faoi mhaoirseacht Bhanc Ceannais na Rúise, rinne sé maoirseacht ar institiúidí a chuireann bearta airgeadais atá faoi stiúir na Creimile chun feidhme, lena n-áirítear 'an t-aistriú éigeantach chuig an rúbal', chomh maith le bonneagar baincéireachta na hÚcráine a ionadú agus críocha faoi fhorghabháil a chomhtháthú i gcórais íocaíochta agus socraíochta na Rúise. Chuir na gníomhaíochtaí sin ar chumas údaráis na Rúise a rialú riaracháin, eacnamaíoch agus míleata ar réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil a chomhdhlúthú. Dá bhrí sin, tá Ruslan Arefiev ag tacú le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí nó beartaí a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2076.	Sergey Vladimirovich BELOV Rúisis: Сергей Владимирович БЕЛОВ	Feidhm: Leas-Ghobharnóir Bhanc Ceannais na Rúise Dáta breithe: 14.9.1970 Áit bhreithe: Tambov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergey Belov Leas-Ghobharnóir Bhanc Ceannais Chónaidhm na Rúise (Banc na Rúise). Laistigh de Bhanc na Rúise, déanann sé maoirseacht ar an Roinn um Chúrsaíocht Airgid Thirim, ar an Roinn Institiúidí Allamuigh, ar an Roinn Riaracháin, agus ar na Rannáin um Bailiú Airgid Thirim de chuid Aontas na Rúise (ROSINKAS). Mar Leas-Ghobharnóir, bainistíonn sé institiúidí allamuigh gar do limistéir líne tosaigh a sholáthraíonn seirbhísí baincéireachta d'fhórsaí na Rúise agus do chríocha faoi fhorghabháil, rud a éascaíonn an t-aistriú éigeantach chuig rúbal na Rúise. Ina theannta sin, d'oscail an Banc Ceannais brainsí i réigiúin ionghafa na hÚcráine agus d'éascaigh sé leathnú na mbanc atá nasctha leis an stát, rud a chomhtháthaigh críocha faoi fhorghabháil i gcóras airgeadais na Rúise. Dá bhrí sin, tá Sergey Belov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2077.	Alexander Viktorovich ARZAMASTSEV ar a dtugtar freisin Aleksandr Viktorovich ARZAMASTSEV Rúisis: Александр Викторович АРЗАМАСТСЕВ	Feidhm: Úinéir LLC 'ECOPROM' Dáta breithe: 23.9.1961 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexander Arzamastsev an t-aon úinéir ar LLC 'ECOPROM', cuideachta Rúiseach a mhonaraíonn aerfheithiclí gan foireann le radharc céadphearsan den tsraith Bekas, lena n-áirítear na samhlacha Bekas-700, Bekas-2500, Bekas-3500, Bekas-4500 agus a bhfuil an ceart chun an trádhaire 'Bekas' aige. Úsáidtear na haerfheithiclí gan foireann sin uile i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Monaraíonn LLC 'ECOPROM' fearais speisialta le haghaidh na n-aerfheithiclí gan foireann den tsraith Bekas. Dá bhrí sin, tá Alexander Arzamastsev, arb é an t-aon úinéir ar LLC 'ECOPROM' é, ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ós rud é gur soláthraí trealamh mhíleata d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise í an chuideachta, tá Alexander Arzamastsev ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2078.	Aleksander Viktorovich RUDIK ar a dtugtar freisin Aleksandr Viktorovich RUDIK Rúisis: Александр Викторович РУДИК	Feidhm: Bainisteoir ginearálta LLC 'ECOPROM' Dáta breithe: 11.4.1966 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é LLC 'ECOPROM' Ard-Stiúrthóir LLC 'ECOPROM', cuideachta Rúiseach a mhonaraíonn aerfheithiclí gan foireann le radharc céadphearsan den tsraith Bekas, lena n-áirítear na samhlacha Bekas-700, Bekas-2500, Bekas-3500, Bekas-4500 agus a bhfuil an ceart chun an trádghairc 'Bekas' aige. Úsáidtear na haerfheithiclí gan foireann sin uile i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Monaraíonn LLC 'ECOPROM' fearais speisialta le haghaidh na n-aerfheithiclí gan foireann den tsraith Bekas. Dá bhrí sin, tá Alexander Rudik, agus é ina Ard-Stiúrthóir ar LLC 'ECOPROM', ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ós rud é gur soláthraí trealaimh mhíleata d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise í an chuideachta, tá Alexander Rudik ag tacú go hábharach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2079	Andrey Ivanovich SCHNEIDER ar a dtugtar freisin Andrey SCHNEIDER Rúisis: Андрей Иванович ШНАЙДЕР ar a dtugtar freisin Андрей ШНАЙДЕР	Feidhm: Comhbhunaitheoir agus comhúinéir ‘Svetofor Group’ Dáta breithe: 9.2.1974 Áit bhreithe: an Ghearmáin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 246403033635 Daoine gaolmhara: Sergey Ivanovich Schneider; Valentina Emmanuiovna Schneider	Is fiontraí Rúiseach é Andrey Schneider, comhbhunaitheoir agus comhúinéir Svetofor Group, a bhfuil os cionn 2 200 siopa lascaine faoina réir sa Rúis agus ar an gcoigríoch faoi bhrandaí amhail Svetofor, Mere, agus MyPrice. Bíonn a dheartháir Sergey agus a mháthair Valentina páirteach sa ghnó atá faoi úinéireacht teaghlaigh. Tá an chuideachta struchtúrtha trí na céadta cuideachta faoi dhliteanas teoranta faoin mbranda Torgservice Group of Companies. Is comhbhunaitheoir é Andrey Schneider freisin de Torgservice Group of Companies, a bhfuil an tsraith siopaí lascaine Svetofor faoina réir. Tá an tsraith siopaí Svetofor ar cheann de na 5 shraith siopaí grósaera is mó sa Rúis. Tá ról suntasach ag impireacht mhiondíola Schneider chun tacú le geilleagar intíre na Rúise. Tá Svetofor Group, atá mar chuid de Torgservice Group of Companies, ag feidhmiú sa Chrimé atá faoi fhorghabháil ó 2014 i leith agus tá na siopaí lascaine Svetofor agus Mayak faoina réir i gcónaí ar fud chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, lena n-áirítear an Chrimé, Kherson, Luhansk, Donetsk. Liostaítear an Chrimé mar chuid den Rúis ar an suíomh gréasáin oifigiúil de chuid Svetofor, rud atá ag teacht le hinsint na Creimile, agus dearbhaítear go raibh na siopaí gníomhach ó mhí na Bealtaine 2024 ar aghaidh. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó é Andrey Schneider a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Andrey Schneider atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2080.	Sergey Ivanovich SCHNEIDER ar a dtugtar freisin Sergey SCHNEIDER Rúisis: Сергей Иванович ШНАЙДЕР ar a dtugtar freisin Сергей ШНАЙДЕР	Feidhm: Comhbhunaitheoir agus comhúinéir ‘Svetofor Group’ Dáta breithe: 16.6.1966 Áit bhreithe: an Ghearmáin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 246000069678 Daoine gaolmhara: Andrey Ivanovich Schneider; Valentina Emmanuiovna Schneider	Is billiúnaí agus fiontraí Rúiseach é Sergey Schneider, comhbhunaitheoir agus comhúinéir Svetofor Group, a bhfuil os cionn 2 200 siopa lascaine aige sa Rúis agus ar an gcoigríoch faoi bhrandaí amhail Svetofor, Mere, agus MyPrice. Bíonn a dheartháir Andrey agus a mháthair Valentina páirteach sa ghnó freisin atá faoi úinéireacht teaghlaigh. Tá an chuideachta struchtúrtha trí na céadta cuideachta faoi dhliteanas teoranta faoin mbranda Torgservice Group of Companies. Is comhbhunaitheoir é Sergey Schneider freisin de Torgservice Group of Companies, a bhfuil an tsraith siopaí lascaine Svetofor faoina réir. Tá an tsraith siopaí Svetofor ar cheann de na 5 shraith siopaí grósaera is mó sa Rúis. Tá ról suntasach ag impireacht mhiondíola Schneider chun tacú le geilleagar intíre na Rúise. Tá Svetofor Group, atá mar chuid de Torgservice Group of Companies, ag feidhmiú sa Chrimé atá faoi fhorghabháil ó 2014 i leith agus tá na siopaí lascaine Svetofor agus Mayak faoina réir i gcónaí ar fud chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, lena n-áirítear an Chrimé, Kherson, Luhansk, Donetsk. Liostaítear an Chrimé mar chuid den Rúis ar an suíomh gréasáin oifigiúil de chuid Svetofor, rud atá ag teacht le hinsint na Creimile, agus dearbhaítear go raibh na siopaí gníomhach ó mhí na Bealtaine 2024 ar aghaidh. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó é Sergey Schneider a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Sergey Schneider atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2081.	Valentina Emmanuiovna SCHNEIDER ar a dtugtar freisin Valentina SCHNEIDER Rúisis: Валентина Эммануиовна ШНАЙДЕР ar a dtugtar freisin Валентина ШНАЙДЕР	Feidhm: Comhbhunaitheoir agus comhúinéir ‘Svetofor Group’ Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais chánach: 244200947887 Daoine gaolmhara: Sergey Ivanovich Schneider; Andrey Ivanovich Schneider	Is fiontraí Rúiseach í Valentina Schneider, comhbhunaitheoir agus comhúinéir Svetofor Group, a bhfuil os cionn 2 200 siopa lascaine faoina réir sa Rúis agus ar an gcoigríoch faoi bhrandaí amhail Svetofor, Mere, agus MyPrice. Bíonn Andrey agus Sergey Schneider, mic le Valentina, páirteach sa ghnó freisin atá faoi úinéireacht teaghlaigh. Tá an chuideachta struchtúrtha trí na céadta cuideachta faoi dhliteanas teoranta faoin mbranda Torgservice Group of Companies. Is comhbhunaitheoir í Valentina Schneider freisin de Ghrúpa Cuideachtaí Torgservice, a bhfuil an tsraith siopaí lascaine Svetofor faoina réir. Tá an tsraith siopaí Svetofor ar cheann de na 5 shraith siopaí grósaera is mó sa Rúis. Tá ról suntasach ag impireacht mhiondíola Schneider chun tacú le geilleagar intíre na Rúise. Tá Svetofor Group, atá mar chuid de Torgservice Group of Companies, ag feidhmiú sa Chrimé atá faoi fhorghabháil ó 2014 i leith agus tá na siopaí lascaine Svetofor agus Mayak faoina réir i gcónaí ar fud chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, lena n-áirítear an Chrimé, Kherson, Luhansk, Donetsk. Liostaítear an Chrimé mar chuid den Rúis ar an suíomh gréasáin oifigiúil de chuid Svetofor, rud atá ag teacht le hinsint na Creimile, agus dearbhaítear go raibh na siopaí gníomhach ó mhí na Bealtaine 2024 ar aghaidh. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó í Valentina Schneider a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha í Valentina Schneider atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2082.	Mikhail Safarbekovich GUTSERIEV Rúisis: Михаил Сафарбекович ГУЦЕРИЕВ	Feidhm: Comhúinéir SAFMAR GROUP, JSC RDV S, LLC; Scairsealbhóir de BALTIKMEDIA, LLC LAV RADIO NETWORK, LLC LITERARY COLLECTION, LLC FAVORITE CITY, LLC MASTERSKAYA MUSYKI, LLC MEDIA HOLD, LLC ON-MEDIA, LLC RADIO NOSTALGIE SPB, LLC RADIO-DACHA, LLC RADIO-LOVE, LLC REPUBLIC, LLC RU FM, LLC STOLITSA MEDIA, LLC TZ RUSSIAN HIT, LLC Dáta breithe: 9.3.1958 Áit bhreithe: Akmolinsk, Kazakh SSR, an tAontas Sóivéadach (an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772342802484	Is pearsa ghnó mór le rá sa Rúis é Mikhail Gutseriev. Mar bhunaitheoir agus úinéir deiridh Safmar Group, tá leasanna gnó aige sna hearnálacha ola agus gáis, chomh maith le hearnálacha an eastáit réadaigh, na meán agus na tógála agus cuireann sé tionscadail mhórscaála chun feidhme. Is earnáil í earnáil an fhuinnimh, go háirithe na hearnálacha ola agus gáis, a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó é Mikhail Gutseriev atá ag feidhmiú sa Rúis agus a bhfuil baint aige thairis sin le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Trína thionscadail infheistíochta, tá sé ag tacú freisin le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2083.	Leonid Vladimirovich SHUMAKOV Rúisis: Леонид Владимирович ШУМАКОВ	Feidhm: Stiúrthóir tionscadail A7A5 Dáta breithe: 8.2.1985 Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir cháiníocóra Rúiseach (INN): 772775578257 Eintitis chomhlachaithe: Grinex; Old Vector; PSB Bank	Is é Leonid Shumakov stiúrthóir tionscadail ar an tionscadal criptea-airgeadra A7A5, atá faoi pháirtúinéireacht PSB agus faoi pháirtúinéireacht A7, ar dhá eintiteas iad atá faoi réir bearta sriantacha. Tá an tionscadal criptea-airgeadra ina chomhpháirt de chripteamhona cobhsaí A7 agus mar chuid dá chleachtas teacht timpeall ar smachtbhannaí. Dá bhrí sin, tacaíonn Leonid Shumakov le Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá baint ag Leonid Shumakov le PSB Bank, duine dlítheanach a dhéanann idirbhearta leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2084.	Mikhail Vladimirovich DEGTYAREV ar a dtugtar freisin Mikhail Vladimirovich DEGTYARYOV Rúisis: Михаил Владимирович ДЕГТЯРЁВ	Feidhm: Aire Spóirt na Rúise; Uachtarán Choiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis Dáta breithe: 10.7.1981 Áit bhreithe: Kuibyshev, an Rúis Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Mikhail Degtyarev Aire Spóirt na Rúise agus Uachtarán Choiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis. Sa ról a bhí aige, gheall sé go dtacódh sé le hathshlánú saighdiúirí Rúiseacha a throid sa chogadh foghach ar an Úcráin tríd an spórt, ag tabhairt dá aire go bhfuil na tosaíochtaí a leag Uachtarán na Rúise Vladimir Putin síos á gcur chun feidhme aige, agus é ag cur síos air féin dúirt sé gur 'saighdiúir Putin' é. Dúirt sé go bhfuil sé ar cheann de na tosaíochtaí atá aige bonneagar spóirt a fhorbairt i gcóir is cuid den Úcráin iad agus atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach ag an Rúis. Sa ról a bhí aige roimhe seo mar ghobharnóir ar Khabarovsk Krai, thacaigh sé freisin le saighdiúirí agus iarshaighdiúirí Rúiseacha a throid sa chogadh foghach ar an Úcráin. Sna róil a bhí aige agus sna róil atá aige faoi láthair, thug sé cuairteanna oibre ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Dá bhrí sin, tá Mikhail Degtyarev freagrach as beartais agus as iad a chur chun feidhme, ar beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2085.	Mikhail DOROFEEV	Feidhm: Leas-Chathaoirleach PSB Bank Eintitis chomhlachaithe: PSB Bank	Is é Mikhail Dorofeev Leas-Chathaoirleach PSB Bank, institiúid airgeadais a bhfuil tábhacht chórasach léi. Is banc Rúiseach faoi úinéireacht stáit é PSB a thacaíonn le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus is comhúinéir líonra A7 é, seirbhís lena gcumasaítear íocaíochtaí trasteorann. Tá mórthionscadail PSB Bank curtha chun feidhme ag Mikhail Dorofeev, lena n-áirítear oibríochtaí líonra A7 laistigh den Rúis agus thar lear a leathnú, go sonrach chuig an Nigéir agus chuig an tSiombáib. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Mikhail Dorofeev rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint ag Mikhail Dorofeev le PSB Bank, atá ag tacú, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus a bhfuil idirbhearta á ndéanamh aige leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2086.	Maxim Sergeevich GRIGORYEV Rúisis: Максим Сергеевич ГРИГОРЬЕВ	Feidhm: Comhalta de Sheomra Sibhialta Chónaidhm na Rúise; Stiúrthóir na fondúireachta neamhbhrabúis 'Research on Democracy' Dáta breithe: 18.8.1975 Áit bhreithe: Leningrad, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is príomhphearsa i mbolscaireacht stáit na Rúise é Maxim Grigoryev, atá freagrach as údar a thabhairt le hionradh na Rúise agus as an mbonn a bhaint de cheannasacht na hÚcráine. Is comhalta mór le rá é de Sheomra Sibhialta Chónaidhm na Rúise arna cheapadh ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise. Is é Stiúrthóir na fondúireachta neamhbhrabúis 'Research on Democracy'. Sa ról sin, feidhmíonn sé mar phoiblitheoir mór le rá a dhéanann ionadaíocht go minic ar insintí stáit na Rúise ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá Maxim Grigoryev ina chathaoirleach ar bhinse poiblí idirnáisiúnta 'International Public Tribunal on the Crimes of Ukrainian Neo-Nazis' [Binse Poiblí Idirnáisiúnta maidir le Coireanna Nua-Naitsithe na hÚcráine] a ceapadh chun aithris a dhéanamh ar imeachtaí dlíthiúla chun bolscaireacht a chur ar fáil lena cur chun cinn sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Scríobh sé an leabhar 'Ukraine's Crimes Against Humanity (2022-2023)' [Coireanna na hÚcráine i gcoinne an Chine Dhaonna (2022-2023)]. Cuireann Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Rúise a chuid gníomhaíochtaí chun cinn go mór agus baineann oifigigh Rúiseacha úsáid astu chun údar a thabhairt leis an 'oibríocht mhíleata speisialta', mar a ghairtear de. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Maxim Grigoryev atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2087.	Aleksandr Vitalyevich MINKOV Rúisis: Александр Витальевич МИНЬКОВ ar a dtugtar freisin MARSHAL Alexander ar a dtugtar freisin МАРИШАЛ Александр	Feidhm: Ceoltóir, cumadóir, amhránaí, cumadóir amhrán agus láithreoir teilifíse Rúiseach; Comhalta den Public Council faoi Ministry of Defense of the Russian Federation Dáta breithe: 7.6.1957 Áit bhreithe: Korenovsk, Krasnodar Kray, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceoltóir, cumadóir, amhránaí agus cumadóir amhrán Rúiseach is ea Aleksandr Minkov. Tacaíonn sé go gníomhach le fogha míleata na Rúise faoin Úcráin agus tugann sé údar leis, agus scaipeann sé insintí faoi bholscaireacht na Creimile. Tugann sé cuairt ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach agus é i mbun ceolchoirmeacha chun tacú le harm na Rúise. D'fhógair sé freisin gur mian leis troid go pearsanta i gcoinne na hÚcráine. Comhalta den Chomhairle Phoiblí faoi Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. In 2025, bhronn an tUachtarán Vladimir Putin ‘Ord Fiúntais an Chultúir agus na nEalaíon ar Alexander Minkov’. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Aleksandr Minkov atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2088.	Alexander Alexandrovich ZHAROV Rúisis: Александр Александрович ЖАРОВ	Feidhm: Príomhfheidhmeannach Gazprom-Media Holding; Comhalta den Chomhairle don Chultúr agus don Ealaín faoi Uachtarán Chónaidhm na Rúise; iarCheann Russian Federal Service for Supervision of Communications, Information Technology and Mass Media (Roskomnadzor) Dáta breithe: 11.8.1964 Áit bhreithe: Leningrad, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772455243692	Is é Alexander Zharov príomhoifigeach feidhmiúcháin Gazprom-Media Holding, ilchuideachta meán atá faoi rialú an stáit sa Rúis, príomhuirlis na Creimile don bholscaireacht chogaidh agus oibríochtaí faisnéise. Faoina cheannaireacht, tá Gazprom-Media Holding ina phríomhuirlis anois do 'cúram idé-eolaíoch' na Creimile dearcadh an phobail a mhúnlú maidir le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is comhalta den Chomhairle don Chultúr agus don Ealaín faoi Uachtarán Chónaidhm na Rúise é freisin, faoi cheannas an Uachtaráin Vladimir Putin. Dá bhrí sin, tá Alexander Zharov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2089.	Vladimir Grigorievich TABAK Rúisis: Владимир Григорьевич ТАБАК	Feidhm: Ard-Stiúrthóir ANO 'Dialog' agus ANO 'Dialog of Regions' Dáta breithe: 2.12.1986 Áit bhreithe: Moscó, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 772589320839	Is Ard-Stiúrthóir é Vladimir Tabak ar ANO 'Dialog', atá liostaithe ag an Aontas, agus ar ANO 'Dialog of Regions', eagraíochtaí atá ar son na Creimile agus a bhfuil baint acu le hoibríochtaí tionchair rialtas na Rúise, feachtais bhréagaisnéise agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí faisnéise míleata na Rúise. Tá ANO 'Dialog' agus a fhochuideachta ANO 'Dialog of Regions' á gcistiú ag Rialtas Chónaidhm na Rúise. Faoi cheannaireacht Vladimir Tabak, déanann agus scaipeann ANO 'Dialog' bolscaireacht a thacaíonn le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Áirítear leis sin bréagaisnéis arb é is aidhm di míchlú a tharraingt ar an Úcráin, bonn cirt a thabhairt don ionradh agus an bonn a bhaint de cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine. Tá ANO 'Dialog' nasctha le Doppelgänger, líonra oibríochta tionchair atá nasctha leis an Rúis a sainaithníodh in 2022, a d'úsáid ábhar domhainbhrionnúcháin chun feachtais bhréagaisnéise na Rúise a fhorbairt. Sainaithníodh ANO 'Dialog' agus Vladimir Tabak a bheith freagrach as an bhfeachtas Recent Reliable News (RRN) a léasú agus a réachtáil, a bhí ina ardán ilteangach chun ábhar nuachta ar son na Rúise agus i gcoinne na hÚcráine a scaipeadh i ndiaidh bearta sriantacha i gcoinne bhrandaí seanbhunaithe meán stáit na Rúise. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Vladimir Tabak atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartaí, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2090.	Yuri Petrovich KUSHNEROV Rúisis: Юрий Петрович КУШНЕРОВ	Feidhm: Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí JSC Neftechemservis Dáta breithe: 19.12.1954 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 421700459395	Tá Yuri Kushnerov ina Chathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí JSC Neftechemservis, cuideachta Rúiseach ar léi scaglann ola Yaya agus a oibríonn í i Réigiún Kemerovo. Is comhúinéir é Yuri Kushnerov ar LLC 'Anzhersky Oil and Gas Company LLC', LLC 'Anzhersky Oil Refinery' agus LLC 'Oil Refinery 'North Kuzbass' freisin, ar cuideachtaí iad a bhfuil baint acu le táirgeadh táirgí peitríliam ar shuíomh scagtha Yaya. Cuireann an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola agus gáis, cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Yuri Kushnerov rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2091.	Arkady Vladimirovich DVORKOVICH Rúisis: Аркадий Владимирович ДВОРКОВИЧ	Feidhm: Uachtarán Chónaidhm Idirnáisiúnta na Fichille (FIDE); Comhalta de Bhord Iontaobhaithe Chónaidhm Fichille na Rúise Dáta breithe: 7.5.1956 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 771800845193	Bhí poist shinsearach ag Arkady Dvorkovich i Rialtas Chónaidhm na Rúise. Bhí sé ina chúntóir d'Uachtarán Chónaidhm na Rúise Dmitry Medvedev (2008-2012), Leas-Phríomh-Aire Chónaidhm na Rúise (2012-2018). Ó 2018 i leith, is Uachtarán Chónaidhm Idirnáisiúnta na Fichille (FIDE) é. Ba dhíol sásaimh don Chreimil nuair a atoghadh don phost sin é in 2022 agus rinne sí cur síos air mar 'bua' do Mhoscó. Ina cháil mar Uachtarán ar FIDE, thacaigh Arkady Dvorkovich go poiblí le hionghabháil na Crimé agus thug sé 'críocha nua' Chónaidhm na Rúise ar chathracha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Tá Arkady Dvorkovich ina chomhalta freisin de Bhord Iontaobhaithe Chónaidhm Fichille na Rúise, in éineacht le roinnt daoine aonair atá liostaithe ag an Aontas, lena n-áirítear daoine ó Rialtas Chónaidhm na Rúise. D'eagraigh agus reáchtáil Cónaidhm Fichille na Rúise comórtais i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, lena n-áirítear an Chrimé, Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhya, agus Kherson. Tá ceann de na príomhróil ag Arkady Dvorkovich ar an mBord Iontaobhaithe. Dá bhrí sin, tá Arkady Dvorkovich ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2092.	Mikhail Gerazievich MAMIASHVILI Rúisis: Михаил Геразиевич МАМИАШВИЛИ	Feidhm: Uachtarán Chónaidhm Coraíochta na Rúise (FSBR); Leas-Uachtarán Choiste Feidhmiúcháin Chónaidhm Idirnáisiúnta na Coraíochta Spóirt (UWW) Comhalta de Bhord Feidhmiúcháin Choiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis (ROC); Coirnéal Dáta breithe: 21.11.1963 Áit bhreithe: Konotop, réigiún Sumy, an Úcráin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 773117804958	Is é Mikhail Mamiashvili Uachtarán Chónaidhm Coraíochta na Rúise, Leas-Uachtarán Choiste Feidhmiúcháin Chónaidhm Idirnáisiúnta na Coraíochta Spóirt (UWW) agus comhalta de Bhord Feidhmiúcháin Choiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis. An 5 Deireadh Fómhair 2023, rinne Bord Feidhmiúcháin Choiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis cinneadh aontaobhach na heagraíochtaí réigiúnacha spóirt faoi údarás Choiste Náisiúnta na gCluichí Oilimpeacha san Úcráin a áireamh mar chomhaltaí de, eadhon Daon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk, réigiún Zaporizhzhya, agus réigiún Kherson mar a thugtar orthu. Is é an toradh a bhí air sin gur chuir Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha (IOC) Coiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis ar fionraí. Tacaíonn Mikhail Mamiashvili go poiblí le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tacaíonn sé go láidir le hinsintí na Creimile agus glacann sé páirt ghníomhach sna hiarrachtaí atá dírithe ar údar a thabhairt leis an ionradh. Rannchuidíonn a ráitis phoiblí agus a polaitiúil le gníomhaíochtaí a dhlísteanú agus a chothú lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine. Is duine mór le rá é laistigh de chóras spóirt na Rúise atá faoi rialú an stáit agus tá dlúthcheangal aige le príomhionadaithe Rialtas Chónaidhm na Rúise. Coinníonn sé dlúthnaisc phearsanta agus ghairmiúla leis na leibhéil is airde de cheannaireacht na Rúise, lena n-áirítear an tUachtarán Vladimir Putin. Dá bhrí sin, tá Mikhail Mamiashvili ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2093.	Stanislav Alekseyevich POZDNYAKOV Rúisis: Станислав Алексеевич ПОЗДНЯКОВ	Feidhm: Iar-Uachtarán Choiste na gCluichí Oilimpeacha Chónaidhm na Rúise (2018-2024); Comhalta de Bhord Chlub Spóirt Lárnach na Rúise den Arm (CSKA); Leifteanant-Choirnéal Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 27.9.1973 Áit bhreithe: Novosibirsk, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 540696245433	Thacaigh Stanislav Pozdnyakov, ag gníomhú dó i gcáil Uachtarán Choiste na gCluichí Oilimpeacha Chónaidhm na Rúise, le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus d'fhormhuinigh sé slógadh lúthchleasaithe na Rúise chun cogaidh. Faoina uachtaránacht, an 5 Deireadh Fómhair 2023, rinne Bord Feidhmiúcháin Choiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis (ROC) cinneadh aontaobhach na heagraíochtaí réigiúnacha spóirt faoi údarás Choiste Náisiúnta na gCluichí Oilimpeacha san Úcráin a áireamh mar chomhaltaí de, eadhon Daon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk, réigiún Zaporizhzhya, agus réigiún Kherson mar a thugtar orthu. Is é an toradh a bhí air sin gur chuir Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha (IOC) Coiste na gCluichí Oilimpeacha sa Rúis ar fionraí. Is comhalta é Stanislav Pozdnyakov de Bhord Chlub Spóirt Lárnach na Rúise den Arm (CSKA) agus is Leifteanant-Choirnéal d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise é. Is roinn de chuid Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise é CSKA. Dá bhrí sin, tá Stanislav Pozdnakov ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2094.	Oleg Valentinovich BELOZEROV Rúisis: Олег Валентинович БЕЛОЗЕРОВ	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus Cathaoirleach Bhord Feidhmiúcháin Russian Railways Dáta breithe: 26.9.1969 Áit bhreithe: Ventspils, an Laitvia Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Oleg Belozеров Ard-Stiúrthóir agus Cathaoirleach Bhord Feidhmiúcháin Russian Railways, cuideachta faoi úinéireacht an stáit. Sular ceapadh sa phost sin é in 2015, bhí sé ina Chéad Leas-Aire Iompair i gCónaidhm na Rúise (2015), ina Leas-Aire Iompair i gCónaidhm na Rúise (2009-2015) agus ina cheann ar Russian Federal Road Agency (Ghníomhaireacht Bóithre Cónaidhme na Rúise) (2004-2009). Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é Russian Railways; oibríonn sé ceann de na gréasáin iarnróid is mó ar domhan agus feidhmíonn sé mar chnámh droma ríthábhachtach do gheilleagar agus d'arm na Rúise. Tá seachadtaí trealaimh mhíleata agus pearsanra míleata chuig limistéar 'na hoibríochta míleata speisialta', mar a ghairtear di, san Úcráin á n-éascú aige. Tá struchtúr eagrúcháin Russian Railways fite fuaite le scothaicme polaitiúil agus míleata na Rúise agus leis an bhfearas stáit agus míleata. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir Russian Railways, thacaigh Oleg Belozеров go poiblí leis an 'oibríocht mhíleata speisialta', mar a ghairtear di, san Úcráin. Bhí sé i láthair ag cruinniú na bhfear gnó sa Chreimil le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, an lá a seoladh ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022. Coinníonn Oleg Belozеров dlúthnaisc le rialtas Chónaidhm na Rúise agus le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Dá bhrí sin, tá Oleg Belozеров freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2095.	Vladimir Rostislavovich MEDINSKY Rúisis: Владимир Ростиславович МЕДИНСКИЙ	Feidhm: polaiteoir, eolaí polaitiúil, stairí, scríbhneoir agus Sainchabhróir Vladimir Putin Dáta breithe: 18.7.1970 Áit bhreithe: Smila, an Úcráin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is staraí Rúiseach é Vladimir Medinsky agus is fada é ina shainchabhróir Vladimir Putin. In 2025, bhí sé i gceannas ar thoscaireacht na Rúise sa chaibidlíocht idir an Rúis agus an Úcráin sa Tuirc. Is duine lárnach sa bholscaireacht rialtais é. Tá téacsleabhair scríofa aige ina gcuirtear an Úcráin i láthair mar chuid de 'domhan Rúiseach', inar chosain sé an 'oibríocht mhíleata speisialta' san Úcráin, agus inar shéan sé fuadach leanaí Úcránacha ag an Rúis. Dá bhrí sin, tá Vladimir Medinsky ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Ucráin nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin, trí ionramháil agus cur isteach comhordaithe ar fhaisnéis a úsáid.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2096.	Roman Geradotovich DEMURCHIEV Rúisis: Роман Герадотович ДЕМУРЧИЕВ	Feidhm: Maor-Ghinearál; Leas-cheannasaí an 20ú Arm Comh-Arm i nGrúpa Iarthar na bhFórsaí de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise Dáta breithe: 30.8.1976 Áit bhreithe: Tatarstan, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Tatarstan, . Kazan, st. Karbysheva, 13, sq. 39; Cónaidhm na Rúise, Volgograd region, Kamyshin, st. Gorokhovskaya, territory in / h 74507 Pas: 9204926737 Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise	Is Maor-Ghinearál é Roman Demurchiev i bhFórsaí Armtha na Rúise. Bhí ról cheannasaíochta shinsearach aige le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear ceannasaí 42nd Guards Motor Rifle Division (42ú Gardai Rannán Mótair-Raidhfíil), cuid den 58th Combined Arms Army (58ú Arm Comh-Arm) i nDúiche Mhíleata an Deiscirt, agus Leas-Cheannasaí 20th Combined Arms Army (20ú Arm Comh-Arm) in Western Group of Forces of the Russian Armed Forces (Grúpa Iarthar na bhFórsaí de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise), atá mar chuid d'Fhórsaí Talún na Rúise agus a ghlacann páirt dhíreach i gcogadh na Rúise ar an Úcráin. Gabhann sé do chéasadh, do chur chun báis agus do mhaslú choirp phearsanra míleata na hÚcráine, lena n-áirítear príosúnaigh chogaidh. Bronnadh gradam air ó ghobharnóir réigiún Mhoscó, chomh maith le ceann de na boinn stáit is airde i bPoblacht na Seisnia. In 2023, bhronn Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, an chéim de Mhaor-Ghinearál air. Dá bhrí sin, tá Roman Demurchiev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2097.	Denis Aleksandrovich MERZLIKIN Rúisis: Денис Александрович МЕРЗЛИКИН	Feidhm: Bunaitheoir agus stiúrthóir Limited Liability Company 'ASFPV' Dáta breithe: 11.1.1981 Áit bhreithe: Cathair Pheadair Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann Seoladh: Cathair Pheadair, Vavilovych street, 15-3 INN: 780430431672 Teileafón: +79522801101 Próifíl líonra shóisialta: https://vk.com/merzlikind Ríomhphost: merzlikind2009@yandex.ru; merzlikind2009@ya.ru	Is é Denis Merzlikin bunaitheoir agus stiúrthóir LLC 'ASFPV', cuideachta Rúiseach a mhonaraíonn dróin ('Veterok 7', 'Veterok10', agus 'Veterok 13'), brathadóirí drón (Gorn), agus spóil snáthoptaice d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Úsáidtear na dróin, na brathadóirí drón agus na spóil snáthoptaice sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Denis Merzlikin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise trína bheith rannpháirteach ina ról i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2098.	Olga Aleksandrovna KORCHAGINA Rúisis: Ольга Александровна КОРЧАГИНА	Feidhm: Bunaitheoir SDB 'Piranya' Dáta breithe: 25.4.1972 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann INN: 732703148651 Pasuimhir: 7317205966	Is í Olga Korchagina bunaitheoir Simbirsk Design Bureau 'Piranya' (SDB 'Piranya') cuideachta atá lonnaithe sa Rúis agus a mhonaraíonn dróin a úsáideann an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin. Monaraíonn SDB 'Piranya' dróin de Radharc Céadphearsan agus go sonrach na samhlacha 'Piranya-7', 'Piranya-10' agus 'Piranya-13'. Monaraíonn an chuideachta suas le 10 000 drón in aghaidh na míosa agus tá Arm na Rúise den tuairim go bhfuil a táirgí thar a bheith luachmhar ina oibríochtaí míleata. Dá bhrí sin, tá Olga Korchagina, ina cáil mar bhunaitheoir Simbirsk Design Bureau 'Piranya' (SDB 'Piranya'), ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sí ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus baineann sí tairbhe as.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2099.	Pavel Alekseevich CHERNYSHOV Rúisis: Павел Алексеевич ЧЕРНЫШОВ	Feidhmeanna: Stiúrthóir agus bunaitheoir SDB 'Piranya' Dáta breithe: 9.5.1984 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann INN: 732508747179 Pasuimhir: 7304202860	Is é Pavel Chernyshov stiúrthóir agus bunaitheoir Simbirsk Design Bureau 'Piranya' (SDB 'Piranya') cuideachta atá lonnaithe sa Rúis agus a mhonaraíonn dróin a úsáideann an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin. Monaraíonn SDB 'Piranya' dróin de Radharc Céadphearsan agus go sonrach na samhlacha 'Piranya-7', 'Piranya-10' agus 'Piranya-13'. Monaraíonn an chuideachta suas le 10 000 drón in aghaidh na míosa agus tá Arm na Rúise den tuairim go bhfuil a táirgí thar a bheith luachmhar ina oibríochtaí míleata. Dá bhrí sin, tá Pavel Chernyshov, ina cháil mar stiúrthóir agus bunaitheoir Simbirsk Design Bureau 'Piranya' (SDB 'Piranya'), ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus baineann sé tairbhe as.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2100.	Suniel Kumar SHARMA	Feidhm: Stiúrthóir bainistíochta Oceaniek International Dáta breithe: 7.10.1979 Náisiúntacht: An India Inscne: fireann Seoladh: Chandigarh, an India Eintitis chomhlachaithe: Aruba Maritime Administration & Offshore Company Registry; MSTA-International Maritime Registries & Regulatory Inc.	Is duine gnó é Suniel Kumar Sharma a bhfuil baint aige le clárlanna long a chur ar bun i dtíortha éagsúla. Thug cuid mhaith de na rialtais sna tíortha sin droim láimhe dó ina dhiaidh sin, agus chuir siad ina leith nó i leith na gcuideachtaí a bhaineann leis gur oibrigh siad gan an t-údarás cuí, gur eisigh siad deimhnithe neamhbhailí nó gur lean siad de ghníomhaíochtaí clárlainne i ndiaidh do na formheasanna a bheith cúlghairthe. Thug roinnt rialtas le fios gur chláraigh eintitis a bhfuil baint acu leis soithí go calaoiseach. Is é stiúrthóir bainistíochta Oceaniek Technologies, arb é an mol riaracháin d'fhiontair éagsúla mhuirí é, lena n-áirítear MSTA-International Maritime Registries & Regulatory Inc agus Aruba Maritime Administration & Offshore Company Registry. Dá bhrí sin, tá baint ag Suniel Kumar Sharma le MSTA-International Maritime Registries & Regulatory Inc agus Aruba Maritime Administration & Offshore Company Registry, dhá eintiteas a liostaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle maidir le tacaíocht ábhartha a thabhairt do shoithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam ón Rúis agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca á ndéanamh acu mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2101.	Aleksei Yuryevich MANIKIN Rúisis: Алексей Юрьевич МАНИКИН	Feidhm: Úinéir tairbhiúil agus comhúinéir 'Beget' LLC Dáta breithe: 12.7.1986 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 470607765800 Daoine aonair comhlachaithe: Aleksandr Evgenievich Klukov; Aleksandr Yuryevich Iljin Eintitis chomhlachaithe: 'Beget' LLC	Is é Aleksei Manikin úinéir tairbhiúil agus comhúinéir 'Beget' LLC, agus ar duine é a shocraíonn straitéis ghnó na cuideachta. Ó 2014 i leith, cuireann 'Beget' LLC seirbhísí ar fáil go feasach d'údaráis neamhdhleathacha a fhaigheann tacaíocht ón Rúis, d'eagraíochtaí míleata agus do thionscadail bholscaireachta sa Chrimé, in Donetsk agus in Luhansk, limistéir a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus do líon suntasach cuideachtaí cosanta Rúiseacha atá ábhartha d'iarreachtaí na Rúise leanúint den chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Aleksei Manikin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus tá sé comhlachaithe le daoine dlítheanacha a thacaíonn leis na beartais agus na gníomhaíochtaí sin. Tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe astu. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2102.	Aleksandr Yuryevich ILJIN Rúisis: Александр Юрьевич ИЛЬИН	Feidhm: Úinéir tairbhiúil agus comhúinéir 'Beget' LLC Dáta breithe: 2.1.1987 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 470316093695 Daoine aonair comhlachaithe: Manikin Aleksei Yuryevich; Aleksandr Evgenievich Klukov Eintitis chomhlachaithe: 'Beget' LLC	Is é Aleksandr Iljin úinéir tairbhiúil agus comhúinéir 'Beget' LLC arb duine é a shocraíonn straitéis ghnó na cuideachta agus, ó 2014 i leith, cuireann 'Beget' LLC seirbhísí ar fáil go feasach ag d'údaráis neamhdhleathacha a bhfuil tacaíocht na Rúise acu, d'eagraíochtaí míleata agus do thionscadail bholscaireachta sa Chrimé, in Donetsk agus in Luhansk, limistéir a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus do líon suntasach cuideachtaí cosanta Rúiseacha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise leanúint den chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Iljin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus tá sé comhlachaithe le daoine dlítheanacha a thacaíonn leis na beartais agus na gníomhaíochtaí sin. Tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2103.	Aleksandr Evgenievich KLUKOV Rúisis: Александр Евгеньевич КЛЮКОВ	Feidhm: Bunaitheoir agus Ard-Stiúrthóir 'Beget' LLC agus 'Beget Kazakhstan' LLC Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 781430645940 Daoine aonair comhlachaithe: Aleksei Yuryevich Manikin; Aleksandr Yuryevich Iljin Eintitis chomhlachaithe: 'Beget' LLC	Is é Aleksandr Klukov Bunaitheoir agus Ard-Stiúrthóir 'Beget' LLC, ar duine é a shocraíonn straitéis ghnó na cuideachta agus, ó 2014 i leith, cuireann 'Beget' LLC seirbhísí ar fáil go feasach d'eagraíochtaí míleataithe agus do thionscadail bholsaireachta sa Chrimé, in Donetsk agus in Luhansk, limistéir atá faoi fhorghabháil ag Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Klukov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus tá sé comhlachaithe le daoine dlítheanacha a thacaíonn leis na beartais agus na gníomhaíochtaí sin. Tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agusbaineann sé tairbhe astu. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2104.	Felix Vladimirovich YEVTUSHENKOV ar a dtugtar freisin Felix Vladimirovich EVTUSHENKOV ar a dtugtar freisin Felix Vladimirovič JEVТУШЕНКОВ Rúisis: Феликс Владимирович ЕВТУШЕНКОВ	Feidhm: Comhalta den Bhord Stiúrtóirí agus scairshealbhóir 15,2 % de PJSC AFK Sistema Dáta breithe: 14.11.1978 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: Apartment 34, 52 3-YA, Tverskaya Yamska, Moscó, an Rúis 125047 Pasuimhir: 513519275; 514841480 Daoine aonair comhlachaithe: Vladimir Petrovich Yevtushenkov	Tá Felix Yevtushenkov ina bhall de bhainistíocht PJSC AFK Sistema ó 2008 i leith. Tá sé ina chomhalta den bhord stiúrtóirí agus ina scairshealbhóir 15,2 % de PJSC AFK Sistema. In 2018, bhí sé ina Leas-Chathaoirleach ar Bhord Stiúrtóirí PJSC AFK Sistema. An tráth sin, bhí a athair, Vladimir Petrovich Yevtushenkov, ina chathaoirleach ar an mBord. Is ilchuideachta é PJSC AFK Sistema a bhfuil leasanna gnó aige in earnálacha éagsúla de gheilleagar na Rúise. Tá cuideachtaí faoi úinéireacht agus faoi rialú aige, lena n-áirítear Agrohholding Steppe (talmhaíocht), BESK (fuinneamh), Binnofarm (cógaisíocht), Cosmos Hotel Group (turasóireacht), Element (leictreonaic), Intourist (turasóireacht), Medsi (cúram sláinte), Ozon (ríomhthráchtáil), JSC Region (tionscal míleata) agus Segezha (tionscal foraoiseachta, adhmaadóireachta, laín agus páipéir). Tá baint ag PJSC AFK Sistema freisin le hearnálacha na faisnéise, na cumarsáide agus na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear trína sciar in PJSC Mobile TeleSystems (MTS), agus tá baint aige leis an mbaincéireacht chomh maith, ós rud é go bhfuil MTS-Bank faoi úinéireacht PJSC MTS via Mobile TeleSystems B.V. Trí BESK agus a fhochuideachtaí Bashkirenergo, BSK agus BESK Engineering, tá baint ag PJSC AFK Sistema leis an earnáil fuinnimh, a sholáthraíonn ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Bhí Vladimir Yevtushenkov ina úinéir tromlaigh ar PJSC AFK Sistema go dtí mí Aibreáin 2022 nuair a d'aistrigh sé cuid dá scaireanna chuig a mhac, Felix Vladimirovich Yevtushenkov. Mar bhaill teaghlaigh agus mar chomhpháirtithe gnó, tá sciar rialaithe fós ag an mbeirt acu; tá sciar 49,2 % ag Vladimir Petrovich Yevtushenkov, atá liostaithe ag an Aontas, agus sciar 15,2 % de stoic PJSC AFK Sistema ag Felix Vladimirovich Yevtushenkov. Dá bhrí sin, is duine de na príomhdhaoine gnó é Felix Yevtushenkov a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis, agus pearsa gnó a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá sé comhlachaithe freisin le Vladimir Petrovich Yevtushenkov.	23.7.2026;

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'820.	Joint Stock Company 'Bank DOM.RF' Rúisis: Акционерное Общество 'Банк ДОМ.РФ'	Seoladh: 10, Vozdvizhenka Street, Moscó, 125009, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 23.4.1993 Uimhir aitheantais chánach: 7725038124 Uimhir KPP: 770401001 Teileafón: +7 (495) 956-68-26; +7 (495) 775-86-86; +7 (495) 775-47-40 Facs: +7 (495) 203-86-06 Ríomhphost: aleksandr.babuchin@domrf.ru, isb@domrf.ru Suíomh gréasáin: https://domrfbank.ru/	Is banc Rúiseach é JSC 'Bank DOM.RF' a áirítear i liosta na n-institiúidí creidmheasa a bhfuil tábhacht shistéamach leo ó Bhanc Ceannais Chónaidhm na Rúise. Tá an banc gníomhach in uirlisí maoinithe FBManna a fhaigheann tacaíocht ón stát, arna gcur chun cinn ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Áirítear JSC 'Bank DOM.RF' ar liosta na mbanc is tábhachtaí ar an margadh seirbhísí focaíochta ó Bhanc Ceannais na Rúise. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC 'Bank DOM.RF' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
821.	Joint Stock Company Commercial Bank 'Lanta-Bank' Rúisis: Акционерное Общество Коммерческий Банк 'Ланта-Банк'	Seoladh: 9 Novokuznetskaya Street, building 2, Moscó, 115184, an Rúis Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 24.6.1992 Uimhir aitheantais chánach: 7705260427 Uimhir KPP: 770501001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 957-00-00; +7 (495) 959-36-57 Facs: +7 (495) 959-29-59 Suíomh gréasáin: http://www.Lanta.ru	Is banc uilíoch Rúiseach é JSC Commercial Bank 'Lanta-Bank' a dhíríonn ar oibríochtaí baincéireachta tráchtála agus miondíola, oibríochtaí le hurrúis, airgeadra eachtrach agus miotail lómhara. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Commercial Bank 'Lanta-Bank' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
822.	PJSC 'AK BARS' Bank Rúisis: ПАО 'АК БАРС' Банк	Seoladh: 1 Dekabristov Street, Kazan, Republic of Tatarstan, 420066, an Rúis Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 29.11.1993 Uimhir aitheantais chánach: 1653001805 Uimhir KPP: 165601001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (843) 519-39-74; +7 (843) 222-83-33 Ríomhphost: canc@akbars.ru, www.akbars.ru, kanc@akbars.ru Suíomh gréasáin: quickweb.akbars.ru	Tá PJSC 'AK BARS' Bank ar cheann de na 20 institiúid airgeadais is mó sa Rúis de réir mhéid na sócmhainní. Tá an banc gníomhach in uirlisí maoinithe FBManna a fhaigheann tacaíocht ón stát, arna gcur chun cinn ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Áirítear PJSC 'AK BARS' Bank ar liosta na mbanc is tábhachtaí ar an margadh seirbhísí íocaíochta ó Bhanc Ceannais na Rúise. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá PJSC 'AK BARS' Bank rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
823.	Public Joint Stock Company 'Bank Uralsib' Rúisis: Публичное Акционерное Общество 'Банк Уралсиб'	Seoladh: 119048, City Of Moscow, St. D. Efremova 8 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.1.1993 Uimhir aitheantais chánach: 0274062111 Uimhir KPP: 770401001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (800) 250-57-57; +7 (800) 200-55-20; +7 (495) 785-12-12; +7 (495) 372-39-14; +7 (495) 651-81-09; +7 (495) 609-26-97 Facs: +7 (495) 745-70-10 Ríomhphost: bank@uralsib.ru Suíomh gréasáin: https://www.uralsib.ru	Tá PJSC 'Bank UralSib' i measc phríomhbhainc na Rúise. Tá an banc gníomhach in uirlisí maoinithe FBMan na a fhaigheann tacaíocht ón stát, arna gcur chun cinn ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá PJSC 'Bank Uralsib' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchoibhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
824.	PJSC Bank ZENIT Rúisis: ПАО Банк ЗЕНИТ	Seoladh: Odesskaya Street, 2, Moscó, an Rúis, 117638 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 22.6.1995 Uimhir chlárúcháin: Uimhir aitheantais chánach: 7729405872 Uimhir KPP: 772701001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 937-07-37 Facs: +7 (495) 937-07-36 Ríomhphost: info@ZENIT.ru Suíomh gréasáin: http://www.ZENIT.ru	Is institiúid creidmheasa atá lonnaithe i Moscó é PJSC 'Bank ZENIT' agus tá sé ar cheann de na 40 banc is mó sa Rúis de réir mhéid na sócmhainní. Is fochuideachta de chuid Tatneft é, a bhfuil leas tromlaigh aige. Tá an banc gníomhach in uirlisí maoinithe FBManna a fhaigheann tacaíocht ón stát, arna gcur chun cinn ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá PJSC 'Bank ZENIT' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
825.	Public Joint Stock Company Commercial Bank 'Primorye' Rúisis: Публичное Акционерное Общество Акционерный Коммерческий Банк 'Приморье' PJSC AKB 'Primorye' ПАО АКБ 'Приморье'	Seoladh: 47 Svetlanskaya St., Vladivostok, Primorsky Krai, 690091, an Rúis Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 27.7.1994 Uimhir aitheantais chánach: 2536020789 Uimhir KPP: 253601001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (423) 222-12-55; +7 (423) 222-39-21; +7 (95) 292-87-52 Ríomhphost: mail@primbank.ru, zno@primbank.ru Suíomh gréasáin: http://www.primbank.ru	Is príomhinstitiúid airgeadais i gcianoirthear na Rúise é Public Joint Stock Company Commercial Bank 'Primorye'. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Public Joint Stock Company Commercial Bank 'Primorye' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
826.	Public Joint Stock Company 'Metallinvestbank' ar a dtugtar freisin Public Joint Stock Company 'Metalurgical Investment Bank' Rúisis: Публичное Акционерное Общество 'Металлинвестбанк' ar a dtugtar freisin Публичное Акционерное Общество 'Металлургический Инвестиционный Банк'	Seoladh: 47 Bolshaya Polyanka St, Bldg 2, Moscó, 119180 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 2.8.1993 Uimhir aitheantais chánach: 7709138570 Uimhir KPP: 770601001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 784-69-05; +7 (495) 727-97-97 Facs: +7 (495) 784-69-05 Ríomhphost: smev@metib.ru Suíomh gréasáin: http://www.metallinvestbank.ru	Is institiúid creidmheasa uilíoch Rúiseach é Public Joint Stock Company 'Metallinvestbank' a bhfuil suíomhanna láidre margaidh aige ó thaobh a bheith ag freastal ar fhiontair mhóra mhiotalóireachta agus ar fhiontair tionscal gaolmhar. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Public Joint Stock Company Commercial Bank 'Metallinvestbank' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
827.	Public Joint Stock Company 'MTS-Bank' Rúisis: Публичное Акционерное Общество 'МТС-Банк'	Seoladh: 115432, Moscow city, Andropov Avenue, 18 k. 1 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 29.1.1993 Uimhir aitheantais chánach: 770202045051 Uimhir KPP: 772501001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 101-28-00; +7 (495) 921-28-00 Facs: +7 (495) 232-27-54; +7 (495) 921-28-00 Ríomhphost: gosuslugi@mtsbank.ru Suíomh gréasáin: https://www.mtsbank.ru/	Is banc tráchtála uilíoch mór de chuid na Rúise é Public Joint Stock Company 'MTS-Bank'. Bíonn sé i mbun oibríochtaí baincéireachta chomh maith le gníomhaíochtaí taisclainne, déileálaí agus bróicéireachta. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Public Joint Stock Company Commercial Bank 'MTS-Bank' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
828.	PJSC Bank Sinara Rúisis: АО Банк Синара	Seoladh: Kuybysheva St., 75, Yekaterinburg, Sverdlovsk Region, an Rúis, 620026 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 2.11.1990 Uimhir aitheantais chánach: 6608003052 Uimhir KPP: 667101001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: 8 (343) 355-75-75; 8-800-1000-600 Facs: 8 (343) 251-42-22 Ríomhphost: clients@skbbank.ru; digital@sinara.ru Suíomh gréasáin: https://sinara.ru/chastnym-licam	Is banc Rúiseach é PJSC Bank Sinara atá lonnaithe i réigiún Sverdlovsk. Tá sé i measc an 50 banc Rúiseach is mó de réir mhéid na sócmhainní. Tá sé gníomhach sa treoirthionscadal le haghaidh oibríochtaí le fíorrúbail dhigiteacha a sheol Banc Ceannais na Rúise. Cuireann an earnáil baincéireachta ioncam suntasach ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá PJSC Bank Sinara rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
954.	White Agate Marine SPC	Seoladh: Duqm Special Economic Zone, Duqm, Óman, Sabhdánacht Óman; C/O: Dreamer Shipmanagement LLC-FZ, 6th Floor, Meydan Grandstand, Al Meydan Road, Nad Al Sheba, Dubai, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha Cineál eintitis: Cuideachta punainne leithscartha – tionscal na loingseoireachta Áit chlárúcháin: Óman Príomháit ghnó: Óman Eintitis chomhlachaithe eile: Dreamer Shipmanagement LLC-FZ Uimhir chlárúcháin IMO: 0138702	Is cuideachta loingseoireachta é White Agate Marine SPC a bhainistíonn tancaeir a iompraíonn amhola na Rúise, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Is í an chuideachta úinéir cláraithe de roinnt soithí atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais agus a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad, á ndéanamh acu ag an am céanna. Dá bhrí sin, is eintiteas é White Agate Marine SPC a bhfuil soithí faoina úinéireacht a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad, á ndéanamh acu ag an am céanna.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
955.	Zulu Ships Management	Seoladh: Office 105, Madinat Zayed Tower, Muroor Road, Abú Daibí, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha Áit chlárúcháin: Abú Daibí, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha Príomháit ghnó: Abú Daibí, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha Uimhir chlárúcháin IMO: 6509771	Is cuideachta loingseoireachta atá lonnaithe in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha é Zulu Ships Management, a bhainistíonn tancaeir a iompraíonn amhola na Rúise, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Bainistíonn an chuideachta 8 dtancaer ola atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais, as ar iompraíodh amhola nó táirgí peitríliam i dtancaer amháin ar a laghad, ar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis iad, agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192 (33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad, á ndéanamh aige ag an am céanna. Dá bhrí sin, is eintiteas é Zulu Ships Management a thugann tacaíocht ábharach do shoithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitríliam, de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca á gcleachtadh acu ag an am céanna, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
956.	LLC 'Design Bureau Aviatekhnolab' ar a dtugtar freisin LLC 'KB ATL' Rúisis: ООО 'Конструкторское бюро Авиатехнолаб' ar a dtugtar freisin LLC 'DB ATL' ar a dtugtar freisin ООО 'КБ АТЛ'	Seoladh: 125080, Moscó, ext. ter. Sokol municipal district, Volokolamskoe highway, 2, premises. 1/1 Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 23.10.2024 OGRN: 1247700699949 INN: 7743459220 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 143 60 70; +7 900 147 41 96 R-phost: Sales@kb-atl.ru Cainéal Telegram: https://t.me/KB_ATL_FPV Suíomh gréasáin: https://kb-atl.ru/	Is cuideachta Rúiseach é LLC 'Design Bureau Aviatekhnolab' " a bhfuil baint aige le forbairt agus táirgeadh srathach aerchóras gan foireann, lena n-áirítear dróin ionsaithe de radharc céadphearsan (RCP), heicseacaptair throma, stáisiún rialaithe ar talamh, trealamh cumarsáide, agus ardáin athsheachadáin ón aer. Maíonn an chuideachta go n-oibríonn sí timthriall táirgthe inmheánach iomlán, agus rinne Comhairle Theicniúil ONF meastóireacht ar a córais agus rinne Aireacht Cosanta na Rúise tástáil chomhraic orthu sular moladh go soláthrófaí iad. Áirítear ar a phunann táirgí dróin FPV Ikar, heicseacaptar trom Gorgona le haghaidh misin mhianadóireachta, ionsaithe agus lóistíochta, athsheachadán aeróige Perseus le haghaidh oibríochtaí raoin leathnaithe, agus stáisiún rialaithe ar talamh Helios agus tuairiscítear go ndearna aonaid mhíleata Rúiseacha na táirgí seo ar fad a imscaradh sa chogadh ar an Úcráin. Cuireann LLC 'Design Bureau Aviatekhnolab' oiliúint agus tacaíocht theicniúil ar fáil freisin d'oibreoirí agus tuairiscíonn sé forbairt leanúnach na gcumas aitheanta spriocanna IS-chumasaithe agus na gcumas ionsaithe taiscéalaíochta uathrialaitheach. Dá bhrí sin, trí chórais aerárthaí gan foireann ag a bhfuil acmhainn chomhraic a úsáideann fórsaí míleata na Rúise a fhorbairt, a tháirgeadh, a sholáthar agus tacaíocht oibríochtúil a thabhairt dóibh, cuireann LLC 'Design Bureau Aviatekhnolab' tacaíocht ábharach agus theicneolaíoch ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Rúise, rud a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
957.	Ainm: JSC 'Electroavtomatika' Rúisis: АО 'Электروавтоматика	Seoladh: 355008, Cónaidhm na Rúise, Stavropol region, Stavropol, Zavodskaya St., 9 Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 30.11.1992 Príomhuimhir chlárúcháin stáit: 1022601979894 Uimhir aitheantais chánach: 2636008464 Cód cúise clárúcháin: 631201001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is é JSC 'Elektroavtomatika' an príomhchonraitheoir le haghaidh conarthaí rialtais maidir le táirgí míleata le hAireacht Cosanta na Rúise. Is cuid ríthábhachtach í an chuideachta de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise, lena bhforbraítear agus lena monaraítear aonaid luchtaithe uathoibrithe, bunáiteanna luchtaithe soghluaiste, aonaid chumhachta agus gléasraí cumhachta, trealamh rialaithe dóiteáin, feithiclí ceannais agus foirne. Cuireann JSC 'Electroavtomatika' cumais chuimsitheacha ar fáil le haghaidh cumarsáid agus rialú slán, rud a fhágann gur dlúthchuid é de chórais uathoibrithe rialaithe agus cumarsáide ACS 'Polyana-D4M1' chun gníomhaíochtaí rannáin S-400 a chomhordú. Tá JSC 'Elektroavtomatika' ag tacú, dá réir sin, go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
958.	Joint Stock Company 'Pergam Engineering' Rúisis: Акционерное общество 'Пергам Инжиниринг'	Seoladh: Moscó, Olminkogo prospect, 3 A, Office 830 Áit chlárúcháin: 127254, Moscó, Ogorodny Prospekt, Building 5, Structure 4, Floor 3, Room 305 Dáta clárúcháin: 7.10.2002 OGRN: 1027700285612 INN: 7713226814 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is cuideachta Rúiseach é Joint Stock Company 'Pergam Engineering' a thrádálann meaisíní, gairis, agus trealamh chun críoch ginearálta tionsclaíoch agus speisialaithe. Monaraíonn an chuideachta córais slándála chun faireachán a dhéanamh ar limistéir mhóra, lena n-áirítear an córas íomháithe theirmigh 'Pergam RTR-150', chomh maith le córais faireachais agus radair atá deartha le haghaidh oibríochtaí speisialta. Déanann 'Pergam-Engineering' trádáil gcuadchapter freisin, amhail cuadchapter DJI Matrice 30T. Tá dróin DJI Mavic 3 faighte ag 'Pergam-Engineering' chun tacú le riachtanais Fhórsaí Armtha na Rúise. Is comhpháirtí iontaofa é 'Pergam-Engineering' de ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Rúise amhail FSO, FSB, an Aireacht Gnóthaí Baile, agus fiontair laistigh de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise, lena n-áirítear an Phríomh-Stiúrthóireacht Faisnéise. Dá bhrí sin, is monaróir agus trádálaí córas íomháithe theirmigh, cuadchapter, drón, córas faireachais agus radair é Joint Stock Company 'Pergam Engineering', agus is cuid de choimpléasc tionsclaíoch míleata Chónaidhm na Rúise é. Mar sholáthróir drón, cuadchapter, córas faireachais, córas íomháithe theirmigh agus córas radair radharc céadphearsan (RCP) d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, tacaíonn Joint Stock Company 'Pergam-Engineering' go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
959.	Joint Stock Company ‘Aluminium Metallurg Rus’ ar a dtugtar freisin AMR JSC Rúisis: Акционерное общество ‘Алюминий Metallург Рус’ ar a dtugtar freisin AO ‘AMP’	Seoladh: 347045, Cónaidhm na Rúise, Rostov region, Belokalitvinsky district, Belaya Kalitva, Zavodskaya street, 1 Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 15.3.2004 Príomhuimhir chlárúcháin stáit: 1047796161830 Uimhir aitheantais chánach: 7709534220 Cód cúise clárúcháin: 614201001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is fiontar mór Rúiseach é Joint Stock Company ‘Aluminium Metallurg Rus’ a tháirgeann gaibhnithe agus próifílí speisialaithe cóimhiotail alúmanaim le haghaidh feidhmeanna struchtúracha ardlóid atá ríthábhachtach do choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise. Coinníonn an chuideachta conarthaí móra soláthair dhírigh ar bun ar mó a luach ná USD 166,8 milliún le monaróirí cosanta na Rúise atá faoi réir bearta sriantacha , lena n-áirítear Tupolev JSC, JSC Production Association ‘Strela’, JSC Rocket and Space Centre ‘Progress’, Stupinsky Trade House LLC, JSC Khrunichev Center, agus All-Russian Scientific Research Institute of Aviation Materials. Ó thosaigh an t-ionradh iomlán ar an Úcráin, tá níos mó ná 1 846 dhiúracán Kh-101, 211 diúracán Onyx, agus 3 008 ndiúracán S 300/S300400 scaoilte ag an Rúis san Úcráin. Braitheann na córais arm sin go díreach ar chomhpháirteanna alúmanaim Joint Stock Company ‘Aluminium Metallurg Rus’. Is cumasóir díreach ionsaithe ar iomláine chríochach agus ar phobal sibhialta na hÚcráine iad soláthairtí an chuideachta do mhonaróirí diúracán na Rúise. Tá Joint Stock Company ‘Aluminium Metallurg Rus’ ag tacú, dá réir sin, go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
960.	Joint Stock Company ‘RESEARCH AND PRODUCTION COMPANY ‘MICRAN’ Rúisis: АО ‘НАУЧНО-ПРОИЗВОДСТВЕННАЯ ФИРМА ‘МИКРАН’	Seoladh: 634041, Cónaidhm na Rúise, Tomsk region, Tomsk, Kirov avenue, Building 51D Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: 634041, Cónaidhm na Rúise, Tomsk region, Tomsk, Kirov avenue, Building 51D Dáta clárúcháin: 30.4.2008 Príomhuimhir chlárúcháin stáit: 1087017011113 Uimhir aitheantais chánach: 7017211757 Cód cúise clárúcháin: 701701001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Tá Joint Stock Company RESEARCH AND PRODUCTION COMPANY ‘MICRAN’ ar cheann de na monaróirí is mó sa Rúis a dhéanann trealamh teileachumarsáide agus athsheachadáin raidió, trealamh cumarsáide, córais braite aerárthaí gan foireann, trealamh loingseoireachta, comhpháirteanna micreathoinne agus micrileictreonaic, a oibríonn sa mhargadh sibhialta agus faoi orduithe cosanta stáit araon. Dá réir sin, sholáthair an chuideachta táirgí S-400 ar luach USD 6,1 milliún do PJSC ‘Saturn’ idir an 3ú ráithe de 2024 agus an 2ú ráithe de 2025. Déanann ‘SATURN’ speisialtóireacht i dtáirgeadh táirgí le haghaidh córais agus coimpléisc diúracán frith-aerárthaí. Tá líne róbatach suiteáilte ag an ngléasra chun trealamh raidió-leictreonach a tháirgeadh le haghaidh chórais diúracán frith-aerárthaí S-400. Ó thús an ionraidh iomláin in 2022, tá córais aerchosanta S-300 agus S-400 á n-úsáid go córasach ag an Rúis in ionsaithe diúracán ar an mbonneagar sibhialta. Tá Joint Stock Company RESEARCH AND PRODUCTION COMPANY ‘MICRAN’ ag tacú, dá réir sin, go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
961.	Joint-Stock Company 'KNG-MASHINOSTROYTELNY ZAVOD SERVICE' ar a dtugtar freisin 'AO KNG MashZavodServis' Rúisis: Акционерное Общество 'КНГ-МАШИНОСТРОИТЕЛЬНЫЙ ЗАВОД СЕРВИС' ar a dtugtar freisin АО КНГ-Машзаводсервис	Seoladh: 353265 Krasnodarskiy Krai, Severskiy Rayon, Chernomorskiy, ul. Sovetskaya 38 Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Uimhir aitheantais chánach: 2348007263 Dáta clárúcháin: 22.4.1994 Teileafón: +7 (495) 229-47-21; Teil.: +7 (861) 201-77-78 Ríomhphost: kng-mzs@rn-npo.ru	Is cuideachta Rúiseach é Joint Stock Company 'KNG-MASHINOSTROYTELNY ZAVOD SERVICE' atá gníomhach in earnáil an fhuinnimh agus a tháirgeann agus a dheisíonn trealamh sa réimse ola agus gáis. Is fochuideachta de chuid ROSNEFT é Joint Stock Company 'KNG-MASHINOSTROYTELNY ZAVOD SERVICE' agus déantar bainistiú air trí LLC 'RN-Remont NPO'. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola agus gáis, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Joint Stock Company 'KNG-MASHINOSTROYTELNY ZAVOD SERVICE' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine é.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
962.	LLC 'KB LIS'; ar a dtugtar freisin Limited Liability Company 'KB LIS' ar a dtugtar freisin Design Bureau ar a dtugtar freisin 'Hydrangea' Design Bureau ar a dtugtar freisin Hydrangea ar a dtugtar freisin 'Hortensia' Design Bureau ar a dtugtar freisin Hortensia ar a dtugtar freisin Gortensia ar a dtugtar freisin Gortenziya Rúisis: ООО 'КБ ЛИС' ar a dtugtar freisin Общество с Ограниченной Ответственностью 'КБ ЛИС'	Seoladh: 188640, Réigiún Leningrad, Vsevolozhsk, Vsevolozhsky Ave. 17, room. 511 Cineál eintitis: Cuideachtaí faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 14.4.2023 Uimhir chlárúcháin: 1234700008982 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise INN: 4706059162 Uimhir KPP: 470601001	Is monaróir aerárthaí gan foireann Rúiseach é LLC 'KB LIS', ar a dtugtar 'Hydrangea Design Bureau' freisin. Is iad na príomhtháirgí a mhonaraíonn sé ná na dróin chomhraic RCP 'Hydrangea', is iad sin, Hydrangea-7 agus Hydrangea-10, atá á n-imscaradh go forleathan ag fórsaí na Rúise san Úcráin ó bhí 2022 ann. Déantar na córais sin a oltáirgeadh ar acmhainn táirgthe 3 000 aonad sa mhí. Tá oibríochtaí na cuideachta ceangailte go dlúth le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise, le dróin Hydrangea atá deartha le haghaidh taiscéalaíochta, ionsaithe <i>kamikaze</i>, buamála, agus cianmhianadóireachta, le gnéithe amhail pálastaí modúlacha, agus frithsheasmhacht in aghaidh na cogaíochta leictreonaí. Tacaíonn LLC 'KB LIS' freisin le fórsaí na Rúise trí sheirbhísí láithreach catha amhail cóimeáil logánta, tacaíocht theicniúil, agus foirne oiliúna a oibríonn gar don fhronta. Le forbairt agus imscaradh drón 'Hydrangea' atá feistithe le pálastaí amhail teilgeoirí gránáide RPG-26 agus córais rialaithe snáthoptaice fhrithsheasmhacha, leagtar béim ar an tsineirge idir an chuideachta agus iarracht Rialtas Chónaidhm na Rúise cumais cogaíochta gan foireann a leathnú. Dá bhrí sin, tá LLC 'KB LIS' ag tacú go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
963.	Limited Liability Company 'Russian Air Transport Laboratory' ar a dtugtar freisin RLVT LLC, LLC Russkaya Laboratoriya Vozdushnogo Transporta Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью 'Русская лаборатория воздушного транспорта' ar a dtugtar freisin ООО 'РЛВТ'	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 300026, Tula region, Tula city district, Tula, Ryazanskaya street, 3D, office 3 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.9.2022 Uimhir chlárúcháin: 1227100012369 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise INN: 7100027464 Uimhir KPP: 710001001	Is forbróir agus monaróir drón de chuid na Rúise é Limited Liability Company 'Russian Air Transport Laboratory' , lena n-áirítear dróin ionsaithe. I measc a chuid táirgí tá na dróin radharc céadphearsan (RCP) Ovod (Gadfly). Úsáideadh na dróin sin in oibríochtaí comhraic, lena n-áirítear sna hionsaithe a rinne grúpa trúpaí theas Fhórsaí Armtha na Rúise mar a raibh arm na hÚcráine, gar do Avdiivka, an 4 Iúil 2023, agus tá fianaise físe lena ndeimhnítear a n-úsáid ar an láthair chatha. Dá bhrí sin, is cuid de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise é Limited Liability Company 'Russian Air Transport Laboratory' .	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
964.	LLC Engels Instrumentation Association 'Signal' ar a dtugtar freisin EPO Signal LLC ar a dtugtar freisin Engelsskoe Priborostroitelnoe Obyedinenie Signal Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью Энгельское приборостроительное объединение 'Сигнал' ar a dtugtar freisin ЭПО 'Сигнал'	Seoladh: 413119, Cónaidhm na Rúise, Saratov region, Engels district, Privolzhsky settlement, Engels-19 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 25.7.2002 Uimhir chlárúcháin: 1026401974972 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise INN: 6449042991 Uimhir KPP: 644901001	Is forbróir agus monaróir comhpháirteanna, lena n-áirítear le haghaidh arm agus thionscal na n-aerárthaí, é LLC Engels Instrumentation Association 'Signal'. Go háirithe, tá baint ag an gcuideachta le táirgeadh an chórais treoraíochta optaileictreonaigh 'Otblesk-U' den diuracán Kh-101. Úsáideann arm na Rúise na diuracáin sin chun ionsaí a dhéanamh ar thargaidí san Úcráin. Dá bhrí sin, tá LLC Engels Instrumentation Association 'Signal' ag tacú go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
965.	LLC ETS ELECTRONICS ar a dtugtar freisin LLC 'Ets Electronics' Rúisis: ООО 'Етс Электроникс' ar a dtugtar freisin ООО 'ЕТС ЭЛЕКТРОНИКС'	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 121354, Moscó, Dorogobuzhskaya str., 14 building 40, floor 2 office 104 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 8.4.2021 Uimhir chlárúcháin: 1217700168267 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise INN: 9731077911 Uimhir KPP: 773101001 Suíomh gréasáin: https://etcelectronics.ru/; https://www.etcelectronics.net/	Is soláthróir Rúiseach comhpháirteanna leictreonacha agus clár ciorcad priontáilte é LLC ETS Electronics. Allmhairíonn LLC ETS Electronics, atá lonnaithe i Moscó, comhpháirteanna, lena n-áirítear cláir ciorcad priontáilte, ó mhonaróirí eachtracha tríd an gcuideachta Shíneach ETC Electronics Limited. Soláthraíonn an chuideachta na comhpháirteanna sin do go leor tionscal, lena n-áirítear an coimpléasc míleata agus tionsclaíoch. Tá LLC ETS Electronics ag tacú, dá réir sin, go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
966.	Joint-stock Company IPK FINVAL ar a dtugtar freisin IPK FINVAL JSC Акционерное Общество 'ИПК 'Финвал" ar a dtugtar freisin АО 'ИПК 'ФИНВАЛ"	Seoladh: 107140, Moscó, Moskovsko-Kazansky Lane, 11-15, floor/room 1/7 Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: 107140, Moscó, Moskovsko-Kazansky Lane, 11-15, floor/room 1/7 Dáta clárúcháin: 28.10.2014 Príomhuimhir chlárúcháin stáit: 5147746279621 Uimhir aitheantais chánach: 7722860417 Cód cúise clárúcháin: 770801001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is é Joint-stock CompanyIPK FINVAL an t-allmhaireoir is mó meaisín-uirlisí ríomhrialaithe uimhriúla eachtracha sa Rúis, cumasóir ríthábhachtach de chuid choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise agus ó thaobh cumais táirgthe arm a úsáidtear i gcoinne na hÚcráine. Tá táirgeadh arm na Rúise ag brath go mór ar mheaisín-uirlisí ríomhrialaithe uimhriúla allmhairithe mar gheall ar easpa cumais monaraíochta beachtais intíre. Déantar airm uile na Rúise, idir chomhpháirteanna dróin agus bhuinní diúracán balaistíoch, a mhonarú ar innealra faoi rialú coigríche a sholáthraíonn Joint-stock Company IPK FINVAL go córasach d'fhiontair cosanta atá faoi réir bearta sriantacha. Coinníonn an chuideachta conarthaí soláthair ar mó a luach ná USD 27 milliún ar bun leis na monaróirí arm is ríthábhachtaí sa Rúis. Cumasaítear go díreach táirgeadh míleata leanúnach na Rúise agus ionsaithe ar iomláine chríochach na hÚcráine tríd an soláthar córasach de threalamh beachtais an Iarthair ó Joint-stock Company IPK FINVAL. Tá Joint-stock Company IPK FINVALag tacú, dá réir sin, go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
967.	Joint Stock Company 'Red October Corporation' Rúisis: АО 'Корпорация Красный Октябрь'	Seoladh: 400007, Cónaidhm na Rúise, Volgograd Region, Volgograd, Lenin Avenue, 110, Room 4.20 Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 8.6.2020 Príomhuimhir chlárúcháin stáit: 11203400006072 Uimhir aitheantais chánach: 3459080648 Cód cúise clárúcháin: 345901001 Príomháit ghnó: Volgograd, Cónaidhm na Rúise	Tá Joint Stock Company 'Red October Corporation' ar cheann de na táirgeoirí cruach speisialtachta is mó sa Rúis, a bhfuil 40 % de tháirgeadh iomlán cruach dosmálta na tíre ag teacht uaidh. Rialaíonn an chuideachta suas le dhá thrian de tháirgeadh cruach agus cóimhiotal speisialta na Rúise a úsáidtear i gcórais arm, lena n-áirítear cruach armúir. Tá ceadúnais ó Aireacht Tionscail agus Trádála Chónaidhm na Rúise ag Joint Stock Company 'Red October Corporation' lena n-údaraítear forbairt, táirgeadh, tástáil, cothabháil agus díol arm, trealaimh mhíleata agus armlóin, chomh maith le forbairt, táirgeadh, tástáil agus deisiú trealaimh eitlíochta. D'fhorbair an chuideachta cruach armúir d'ardán tanc T-14 Armata na Rúise agus sholáthair sí cruach speisialaithe do Russian Aircraft Corporation MiG le haghaidh táirgeadh aerárthaí míleata. Tá Joint Stock Company 'Red October Corporation' ag tacú, dá réir sin, go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
968.	PJSC 'Bank 'Saint Petersburg" Rúisis: ПАО 'Банк 'Санкт-Петербург"	Seoladh: 195112, St. Petersburg, Malokhtinsky Ave., 64A Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 3.10.1990 Uimhir aitheantais chánach: 7831000027 Uimhir KPP: 780601001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (812) 339-50-79; +7 (812) 329-50-00 Ríomhphost: natalya.s.goncharenko@bspb.ru Suíomh gréasáin: http://www.bspb.ru	Is é PJSC 'Bank 'Saint Petersburg" an banc uilíoch is mó atá faoi úinéireacht phríobháideach sa Rúis. Tá ról tábhachtach aige i bhforbairt chóras baincéireachta na Rúise. Áirítear PJSC 'Bank 'Saint Petersburg" ar liosta na mbanc is tábhachtaí ar mhargadh na seirbhísí íocaíochta ó Bhanc Ceannais na Rúise. Tá an banc gníomhach in uirlisí maoinithe FBManna a fhaigheann tacaíocht ón stát, arna gcur chun cinn ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Cuireann an earnáil baincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá PJSC 'Bank 'Saint Petersburg" rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine é.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
969.	Astute Maritime Services Private Limited	Cineál eintitis: Cuideachta loingseoireachta Áit chlárúcháin: 03-32, Nordic European Centre 3, International Business Park Singapore, Poblacht Shingepór, 609927 Uimhir IMO: 6266269 Príomhái: Singepór	Is cuideachta loingseoireachta é Astute Maritime Services Private Limited atá lonnaithe i Singepór agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialacht. Tá an chuideachta cláraithe mar Bhainisteoir Teicniúil soithigh áirithe a iompraíonn amhola nó táirgí peitiriliam, ar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis iad, agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, á ndéanamh aici ag an am céanna.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
970.	Hua Xia Shipmanagement Company Limited	Cineál eintitis: Cuideachta loingseoireachta Áit chlárúcháin: Room 2-502, Building 140, 130, Minjiang Lu, Shinan Qu, Qingdao, Shandong, Daon-Phoblacht na Síne Uimhir IMO: 0011791 Príomháit ghnó: Daon-Phoblacht na Síne	Is cuideachta loingseoireachta é Hua Xia Shipmanagement Company Limited atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Tá an chuideachta cláraithe mar Bhainisteoir Teicniúil soithigh áirithe a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam, ar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis iad, agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192 (33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, á ndéanamh aici ag an am céanna.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
971.	GV Gold ar a dtugtar freisin JSC Vysochaishy Rúisis: АО 'Высочайший' ar a dtugtar freisin Акционерное Общество 'Высочайший'	Seoladh: Berezovaya st 17, Bodaibo, Cónaidhm na Rúise; Uritskogo st 97, Bodaibo, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 19.11.2002 OGRN: 1023800732878 INN: 3802008553 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is cuideachta mianadóireachta óir Rúiseach é GV Gold, atá i measc na 10 gcuideachta mianadóireachta óir is mó i gCónaidhm na Rúise. Oibríonn sé an iliomad mianach óir sa Rúis. Tá an t-onnmhairiú miotal lómhar ar cheann de na foinsí ioncaim is suntasaí atá ag Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ó 2025 ar aghaidh, is í an Rúis an dara tír is mó ar domhan a tháirgeann ór. Dá bhrí sin, tá GV Gold rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine é.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
972.	JSC Pavlik ar a dtugtar freisin JSC Gold Mining Company 'Pavlik' ar a dtugtar freisin Pavlik Rúisis: АО 'Павлик' ar a dtugtar freisin Акционерное Общество 'Золоторудная Компания Павлик'	Seoladh: Lenin st 12, Magadan, an Rúis Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Magadan, an Rúis Dáta clárúcháin: 16.10.2002 OGRN: 1024900957399 INN: 4900000681 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Tá JSC Pavlik ar cheann de na cuideachtaí mianadóireachta óir Rúiseacha is mó sa Chianoirthear, atá i measc na 10 gcuideachta mianadóireachta óir is mó i gCónaidhm na Rúise. Tá ceadúnas aige chun sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus mianadóireacht a dhéanamh ar ór méine ag fosú Pavlik i Réigiún Magadan. Tá an t-onnmhairiú miotal lómhar ar cheann de na foinsí ioncaim is suntasaí atá ag Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ó 2025 ar aghaidh, is í an Rúis an dara tír is mó ar domhan a tháirgeann ór. Dá bhrí sin, tá JSC Pavlik rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine é.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
973.	PJSC Yuzhuralzoloto Group of Companies ar a dtugtar freisin Yuzhuralzoloto ar a dtugtar freisin UGC Rúisis: ПАО 'ЮГК' ar a dtugtar freisin Публичное Акционерное Общество 'Южуралзолото Группы Компаний' ar a dtugtar freisin Южуралзолото	Seoladh: Central Mine, Plast, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Plast, an Rúis Dáta clárúcháin: 19.6.2007 OGRN: 1077424000686 INN: 7424024375 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Tá PJSC Yuzhuralzoloto Group of Companies (Yuzhuralzoloto) ar cheann de na cuideachtaí mianadóireachta óir is mó i gCónaidhm na Rúise. Oibríonn sé an iliomad mianach óir sa Rúis. Tá an t-onnmhairiú miotal lómhar ar cheann de na foinsí ioncaim is suntasaí atá ag Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ó 2025 ar aghaidh, is í an Rúis an dara tír is mó ar domhan a tháirgeann ór. Dá bhrí sin, tá PJSC Yuzhuralzoloto Group of Companies (Yuzhuralzoloto) rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hUcráine é.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
974.	JSC Kalmneftegaz ar a dtugtar freisin Non-Public Joint-Stock Company 'Kalmyk Oil and Gas Company' Rúisis: АО 'Калмнефтегаз' ar a dtugtar freisin Непубличное Акционерное общество 'Калмыцкая Нефтегазовая Компания'	Seoladh: 358009, Republic of Kalmykia, Elista, 3rd microdistrict, 18V, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 17.12.2002 Dáta a cruthaithe: 11.3.2001 Príomhuimhir aitheantais stáit: 1020800767371 Uimhir aitheantais chánach: 0814135906) Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 988-17-93; +7 (927) 590-30-59 Facs: 988-17-94	Cuideachta Rúiseach atá rannpháirteach san earnáil fuinnimh é JSC Kalmneftegaz. Is fochuideachta de PJSC Tatneft é JSC Kalmneftegaz agus tá baint aige go háirithe le cuardach agus taiscéalaíocht olacheantar agus gáscheantar i réigiún Kalmykia agus Mhuir Chaisp. Tá PSJC Tatneft ar cheann de na cuideachtaí is mó a bhfuil baint acu le hearnáil fuinnimh na Rúise agus, ar cheann de na táirgeoirí ola is mó sa Rúis, tá ról tábhachtach aige i bhforbairt agus in onnmhairiú acmhainní ola na tíre sin. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola agus gáis, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Kalmneftegaz rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
975.	Upravlyayushchaya Kompaniya UZTM KARTEKS ar a dtugtar freisin UK UZTM KARTEX LLC Rúisis: ОБ УЗТМ-КАРТЭК	Seoladh: 123112, Moscow, 1st Krasnogvardeysky Ave., floor 34, Mercury Tower, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Uimhir aitheantais chánach: 7727298791 Dáta clárúcháin: 30.8.2016	Is príomh-mhonaróir trealaimh é Upravlyayushchaya Kompaniya UZTM KARTEKSle haghaidh na dtionscal mianadóireachta, tógála, fuinnimh agus miotalóireachta. Is é a dhéantar bainistiú ar Uralmashplant OJSC agus IZ-KARTEX a ainmníodh as P.G. Korobkov Ltd. Cuireann an earnáil fuinnimh agus miotalóireachta foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Upravlyayushchaya Kompaniya UZTM KARTEKSrannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
976.	Uralmashplant JSC ar a dtugtar freisin Uralmashzavod JSC ar a dtugtar freisin UZTM Rúisis: ПАО Уралмашзавод ar a dtugtar freisin Y3TM	Seoladh: 620012, Ekaterinburg, Pervoy Pyatiletki sq., Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Uimhir aitheantais chánach: 6663005798 Dáta clárúcháin: 19.11.2002 Suíomh gréasáin: www.uralmash.ru; www. uralmash-kartex.ru Ríomhphost: mail@uralmash.ru Teileafón: +7 (343) 336-65-81; +7 (343) 336-68-40; +7 (343) 336-68-38; +7 (343) 336-63-58; +7 (343) 327-12-77	Is mór-mhonaróir trealamh é Uralmashplant JSC le haghaidh thionscail na mianadóireachta, na miotalóireachta, na foirgníochta agus an fhuinnimh. Cuireann na hearnálacha mianadóireachta agus miotalóireachta foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Uralmashplant JSC rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
977.	P.G. Korobkov IZ-KARTEX LLC Rúisis: ООО ИЗ-КАРТЭКС имени П. Г. Коробкова	Seoladh: 196650 St. Petersburg, Izhora Plant ter., b. 40 c. 2, Cónaidhm na Rúise; Ulitsa Brat'yev Radchenko, St. Petersburg, Cónaidhm na Rúise, 196653 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Uimhir aitheantais chánach: 7817301375 Dáta clárúcháin: 7.12.2004	Is é P.G. Korobkov IZ-KARTEX LLC (agus a bhainse, 'IZ-KARTEX a ainmníodh as P.G. Korobkov – Foundry Production LLC') an monaróir trealaimh is mó sa Rúis do na tionscail mhianadóireachta agus mhíotalóireachta. Cuireann na hearnálacha sin foinsí suntasacha ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá P.G. Korobkov IZ-KARTEX LLC rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
978.	Joint Stock Company ‘Aerodrommash’ ar a dtugtar freisin ‘Aerodrommash’ ar a dtugtar freisin Joint Stock Company ‘Airdrome Machines’ Rúisis: Акционерное общество ‘Аэропромаш’ ar a dtugtar freisin Акционерное общество ‘Аэропромные Машины’	Seoladh: 173526, Novgorod region, Novgorod district, RP. Pankovka, Industrialnaya str., d. 18, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 3.10.2002 Uimhir chlárúcháin: 1025300785234 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir aitheantais chánach: 5321089063	Is cuideachta Rúiseach é Joint Stock Company ‘Aerodrommash’ a dhéanann speisialú i dtáirgeadh agus i gcothabháil córas lainseála aerárthaí, go háirithe ballúin agus aerlonga. Tá ceadúnas aige freisin chun airm a chothabháil. Tá Joint Stock Company ‘Aerodromash’ i gceannas go háirithe ar thionscadal chun ardán strataisféarach gan foireann a fhorbairt, mar atá ‘Barrier-1’, faoi choimirce Fhondúireacht na Rúise um Ardaighde. Bunaíodh an Fhondúireacht sin faoi dhlí na Rúise agus le maoiniú ó bhuiséad cónaidhme na Rúise chun nuálaíocht a chothú i n earnáil mhíleata agus thionsclaíoch na Rúise ar mhaithe le cosaint náisiúnta na Rúise. Rachaidh an t-ardán strataisféarach gan foireann ‘Barrier-1’ chun tairbhe d’fhórsaí armtha na Rúise ar deireadh trí rochtain ar nasc idirlín a chur ar fáil san Úcráin agus lena ndéantar ionsaithe aerárthaí gan foireann a chumasú. Dá bhrí sin, tá Joint Stock Company ‘Aerodrommash’ ag tacú le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
979.	Limited Liability Company ‘Aquamarine Ship Management’ ar a dtugtar freisin LLC ‘Aquamarine Ship Management’ Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью ‘Аквамарин Шип Менеджмент’	Seoladh: 353924, Krasnodar region, Novorossiysk, Lenin Ave., 95g, room. 9, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 17.1.2022 Uimhir chlárúcháin: 1222300001208 Uimhir aitheantais chánach: 2315223822 Uimhir Cheadúnais: 20122231458	Is gníomhaireacht earcaíochta Rúiseach é Limited Liability Company ‘Aquamarine Ship Management’ a dhéanann speisialú in earcú maraithe, go háirithe do thancaeir ola. Tá maraithe earcaithe aige chun soithí a oibriú a bhfuil baint acu le cleachtais dhainséaracha, agus ola ón Rúis á hiompar acu, mar shampla, gan árachas dliteanais leordhóthanach a choinneáil ar bun, oibríochtaí neamhshábháilte a dhéanamh, bearta a dhéanamh d’aon ghnó chun brath long a sheachaint, amhail an Córas Sainaitheanta Uathoibríoch a mhúchadh nó gan a bheith ag oibriú faoi bheartas trédhearcach rialachais chorparáidigh lena n-áirithítear leas agus sábháilteacht na ndaoine ar bord agus cosaint na muirthimpeallachta. Dá bhrí sin, tugann Limited Liability Company ‘Aquamarine Ship Management’ tacaíocht d’oibríochtaí soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam, nó táirgí mianraí ar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis iad, agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta á ndéanamh acu ag an am céanna.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
980.	Nordgold Management LLC ar a dtugtar freisin Nordgold Rúisis: ООО ‘Нордголд Менеджмент’ ar a dtugtar freisin Нордголд	Seoladh: Leningradskoe 39, Moscó, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 1.7.2009 Príomhuimhir aitheantais stáit: 1097746381820 INN: 7713688946 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise	Is mórchuideachta táirgthe óir sa Rúis é Nordgold Management LLC, a bhfuil punann sócmhainní domhanda faoina stiúir. Oibríonn sé roinnt mianaigh óir sa Rúis. Tá an t-onnmhairiú miotal lómhar ar cheann de na foinsí ioncaim is suntasaí atá ag Rialtas Chónaidhm na Rúise tar éis ioncam ola agus gáis. Ó 2025, is í an Rúis an dara tír táirgthe óir is mó ar domhan. Dá bhrí sin, tá Nordgold Management LLC rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
981.	JSC 'Realist Bank' Rúisis: АО 'Реалист Банк'	Seoladh: 4 Stanislavskogo st, Building 1, Moscow,, 109004, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 5.12.1990 Uimhir aitheantais chánach: 3801002781 Uimhir KPP: 770901001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://realistbank.ru/	Is banc tráchtála Rúiseach é JSC 'Realist Bank' atá lonnaithe i Moscó. Tá sé i measc an 60 banc Rúiseach is mó de réir mhéid na sócmhainní. Cuireann an earnáil baincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Joint Stock Company 'Realist Bank' rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
982.	JSC 'Bank 'Agroros" Rúisis: АО 'Банк 'Агророс"	Seoladh: Chernyshevskogo Street 90, Saratov, Saratov Oblast, 410017, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 23.5.1994 Uimhir aitheantais chánach: 6453033870 Uimhir KPP: 645401001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Rphost: info@agroros.ru	Is banc tráchtála réigiúnach de chuid na Rúise é JSC 'Bank 'Agroros" a bhfuil a cheanncheathrú i réigiún Saratov. Tá sé rangaithe i measc na 30 banc is fearr sa réigiún de réir mhéid na sócmhainní. Cuireann an earnáil baincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC 'Bank 'Agroros" rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
983.	JSC Coalmetbank ar a dtugtar freisin JSC Ugletmetbank Rúisis: АО Углетметбанк	Seoladh: 17B Molodogvardeyev Street, Chelyabinsk, Chelyabinsk Oblast, 454138, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 27.7.1994 Uimhir aitheantais chánach: 4214005204 Uimhir KPP: 744801001 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (351) 220-53-82 Suíomh gréasáin: https://www.coalmetbank.ru/	Is banc tráchtála réigiúnach é JSC Coalmetbank a bhfuil a cheannáras aige i réigiún Chelyabinsk de Chónaidhm na Rúise. Cuireann an earnáil baincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Coalmetbank rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
984.	JSC Royal Credit Bank Rúisis: АО Роял Кредит Банк	Seoladh: 100-letiya Vladivostoku Avenue, House 155.3rd Floor, Letter B, Vladivostok, Primorsky Krai, 690068, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 14.11.1990 Uimhir aitheantais chánach: 2703006553 Uimhir KPP: 254301001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://www.royal-bank.ru/	Is banc tráchtála réigiúnach é JSC Royal Credit Bank atá lonnaithe in Primorsky Krai Chónaidhm na Rúise. Oibríonn an banc i gcríoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach. Cuireann an earnáil baincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Royal Credit Bank rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Thairis sin, tá JSC Royal Credit Bank ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
985.	PJSC AKIBANK ar a dtugtar freisin Joint-Stock Commercial Mortgage Bank 'AKIBANK' (Cuideachta Comhstoic Phoiblí) Rúisis: ПАО 'АКИБАНК' ar a dtugtar freisin Акционерный Комерческий Ипотечный Банк 'АКИБАНК' (Публичное Акционерное Общество)	Seoladh: 88A Mira Avenue, Naberezhnye Chelny, Republic of Tatarstan, 423827 Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 25.11.1993 Uimhir aitheantais chánach: 1650002455 Uimhir KPP: 165001001 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Rphost: office@akibank.ru Suíomh gréasáin: https://www.akibank.ru/	Is banc tráchtála réigiúnach é PJSC AKIBANK a bhfuil a cheannáras aige i Poblacht na Tatarstáine i gCónaidhm na Rúise. Cuireann an earnáil baincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá PJSC AKIBANK rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
986.	PJSC 'Inter RAO UES' ar a dtugtar freisin 'Inter RAO' Rúisis: Публичное Акционерное Общество 'Интер РАО ЕС'	Seoladh: Ul. Bolshaya Pirogovskaya, D.27, K.2, Moscow, Moscow Oblast, 119435 Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 1.11.2002 Uimhir chlárúcháin: 1022302933630 Príomháiit ghnó: Cónaidhm na Rúise Duine aonair comhlachaithe; Igor Ivanovich Sechin; Dmitry Evgenevich Shugaev; Sergey Georgievich Dregval Suíomh gréasáin: interrao.ru	Tá PJSC 'Inter RAO UES' ar cheann de na cuideachtaí fuinnimh is mó sa Rúis, agus bhain ioncam 1,36 trilliún rúbal amach in 2023, agus tá thart ar 19 milliún tomhaltóir sa chuideachta. Tá sé á rialú ag Rialtas Chónaidhm na Rúise. Áirítear ar scairshealbhóirí PJSC 'Inter RAO UES' cuideachtaí faoi úinéireacht stáit 'Rosseti' agus 'Rosneftegaz', ceann de na híocóirí díbhinne is mó le buiséad Chónaidhm na Rúise. I measc chomhaltaí na cuideachta tá na daoine liostaithe Igor Ivanovich Sechin, Príomhfheidhmeannach 'Rosneft' agus dlúthchomhghuaillí Vladimir Putin, agus Dmitry Evgenevich Shugaev, stiúrthóir Sheirbhís Chónaidhme Chónaidhm na Rúise um Chomhar Míleata-Teicniúil. Mar gheall ar an ioncam ard, an tábhacht a bhaineann le hearnáil fuinnimh agus rialú rialtais na Rúise, tá ról suntasach ag PJSC 'Inter RAO UES' in earnáil eacnamaíoch thábhachtach sa Rúis agus bailíonn Rialtas Chónaidhm na Rúise cuid d'ioncam 'InterRAO UES' trí chánacha agus díbhinní a íocann a úinéirí. Dá bhrí sin, tá PJSC 'Inter RAO UES' ag tacú ó thaobh airgeadais de le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.7.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
987.	'Beget' LLC	Seoladh: Pl. Karla Faberge, 8B, oifig 726A, St. Petersburg, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 22.10.2007 Uimhir chlárúcháin: 1077847645590 Suíomh gréasáin: https://beget.com; beget.ru; beget.pro; beget-kz.com; 6erer.pff@beserver.ru; beget.tech; beget.hosting; beget.de Duine aonair comhlachaithe: Aleksei Yuryevich Manikin; Aleksandr Yuryevich Iljin; Aleksandr Klukov	Is soláthraí aitheanta néalríomhaireachta agus óstála gréasáin de chuid na Rúise é 'Beget' LLC. Ó 2014 i leith, tá seirbhísí, amhail seirbhísí óstála agus seirbhísí fearainn, á soláthar go feasach ag 'Beget' LLC d'údaráis neamhdhleathacha, d'eagraíochtaí míleataithe agus do thionscadail bholscaireachta a fhaigheann tacaíocht ón Rúis, sa Chrimé, in Donetsk agus in Luhansk, a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus do líon suntasach cuideachtaí cosanta Rúiseacha, lena n-áirítear roinnt eintiteas liostaithe faoi réir bhearta sriantacha an Aontais, atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise leanúint den chogadh foghach ar an Úcráin. Tá léas á sholáthar ag 'Beget' LLC d'fhearann TLD.su (fearann barrleibhéil chód tíre an idirlín a ainmníodh don Aontas Sóivéadach an 19 Meán Fómhair 1990 agus tá sé fós gníomhach agus úsáidtear é). Dá bhrí sin, tá 'Beget' LLC ag tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.	23.7.2026.